Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/2120

11.4.2025

**Tuarascáil Deiridh an Oifigigh Éisteachta** ([1])

**Cás AT.40401 – Rothstoc Athláimhe**

(C/2025/2120)

## 1. RÉAMHRÁ

1. Baineann an tuarascáil seo le dréachtchinneadh i gcás AT.40401, ina suíonn an Coimisiún go raibh České dráhy, a.s ('ČD'), an soláthraí ceannasach seirbhísí iompair d'iarnród atá faoi úinéireacht stáit sa tSeicia, agus Österreichische Bundesbahnen ([2]) ('ÖBB'), an soláthraí ceannasach seirbhísí iompair d'iarnród atá faoi úinéireacht stáit san Ostair (dá ngairtear i dteannta a chéile 'na Páirtithe') rannpháirteach i sárú aonair leanúnach ar Airteagal 101 CFAE.

2. De réir an dréachtchinnidh, rinne ČD agus ÖBB comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe arbh é ab aidhm dóibh bac a chur ar iontráil a gcomhiomaitheora RegioJet a.s. ('RegioJet') sna margaí chun seirbhísí iompair fad-achair intíre d'iarnród a sholáthar do phaisinéirí sa tSeicia agus sna margaí chun seirbhísí iompair fad-achair idirnáisiúnta d'iarnród a sholáthar do phaisinéirí idir an Ostair agus an tSeicia ar an mbealach idir Prág agus Vín, nó bac a chur ar leathnú RegioJet sna margaí sin, trí chosc, bac nó srian a chur ar rochtain RegioJet ar vaigíní iarnróid athláimhe le haghaidh iompar fad-achair paisinéirí. Chomh maith leis sin, de réir an dréachtchinnidh, chumhdaigh an sárú an tréimhse ón 9 Bealtaine 2012 go dtí an 21 Eanáir 2016.

3. Leagtar amach na forbairtí nós imeachta sa chás seo i Ranna 2, 3 agus 4 den Tuarascáil sin. Déantar anailís i roinn 5 ar roinnt gearáin nós imeachta a rinne na Páirtithe, go háirithe ČD.

## 2. CÉIM AN IMSCRÚDAITHE

4. Idir an 28 Meitheamh agus an 1 Iúil 2016, rinne an Coimisiún cigireachtaí in áitribh ČD, ÖBB agus [....] (*).

5. An 29 Lúnasa 2016, thionscain ČD caingean chun an cinneadh cigireachta a neamhniú. Diúltaíodh don chaingean sin le breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, ([3]) ar sheas breithiúnas an 30 Eanáir 2020 leis ([4]).

6. An [....], fuair an Coimisiún iarratas ó ÖBB ar laghdú fíneálacha faoi fhógra 2006 ón gCoimisiún maidir le díolúine ó fhíneálacha agus laghdú fíneálacha i gcásanna cairtéil (an 'Fógra Trócaire') ([5]).

7. Ó mhí na Nollag 2019 go mí na Bealtaine 2022, rinne an Coimisiún agus na Páirtithe plé agus malartuithe maidir leis an bhféidearthacht go réiteofaí an cás ([6]).

---

([1]) De bhun Airteagail 16 agus 17 de Chinneadh 2011/695/AE ó Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh an 13 Deireadh Fómhair 2011 maidir le feidhm agus téarmaí tagartha an oifigigh éisteachta in imeachtaí iomaíochta áirithe (IO L 275, 20.10.2011, lch. 29) ('Cinneadh 2011/695/AE').

([2]) Go sonrach, Österreichische Bundesbahnen-Holding Aktiengesellschaft, ÖBB-Personenverkehr Aktiengesellschaft agus ÖBB-Technische Services-Gesellschaft mbH.

(*) Rinneadh eagarthóireacht ar chodanna den téacs seo chun a áirithiú nach nochtar faisnéis rúnda. Léirítear na codanna sin mar [...].

([3]) Breithiúnas an 20 Meitheamh 2018, *České dráhy a.s. v An Coimisiún*, T-621/16, ECLI:EU:T:2018:367.

([4]) Breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *České dráhy a.s. v An Coimisiún*, C-538/18 P agus C-539/18 P, ECLI:EU:C:2020:53.

([5]) IO C 298, 8.12.2006, lch. 17.

([6]) Rinne an Coimisiún agus na Páirtithe an chéad bhabhta de phléití socraíochta ó mhí na Nollag 2019 go lár 2021. Ansin, i mí an Mhárta 2022, rinne an Coimisiún agus na Páirtithe plé agus malartuithe arís maidir leis an bhféidearthacht go réiteofaí an cás, ar theip orthu i mí Aibreáin 2022. Féach an Fógra ón gCoimisiún maidir le stiúradh nósanna imeachta socraíochta d'fhonn Cinntí a ghlacadh de bhun Airteagail 7 agus 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle i gcásanna cairtéil (2008/C 167/01) (IO C 167 2.7.2008 lch. 1) ('Fógra Socraíochta').

8. An 20 Samhain 2020, thionscain an Coimisiún imeachtaí sa chás seo in aghaidh ČD agus ÖBB de bhun Airteagal 2(1) de Rialachán Uimh. 773/2004 ([7]) agus Airteagal 11(6) de Rialachán Uimh. 1/2003 ([8]). An lá céanna, dheonaigh an Coimisiún laghdú sealadach do ÖBB sa chéad bhanda trócaire (i.e. 30 %-50 %) faoi Fhógra Trócaire 2006.

## 3. NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

### 3.1. Ráiteas Agóidí

9. Ghlac an Coimisiún ráiteas agóidí a díríodh ar ČD agus ar ÖBB an 10 Meitheamh 2022, faoinar tugadh fógra dóibh an 13 Meitheamh 2022.

10. Sa ráiteas agóidí, chinn an Coimisiún roimh ré go raibh ČD agus ÖBB rannpháirteach i sárú aonair leanúnach ar Airteagal 101(1) CFAE. Go sonrach, de réir an ráitis agóidí, is é a bhí sa sárú líomhnaithe comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe idir na Páirtithe arbh é ab aidhm dóibh bac a chur ar iontráil RegioJet sna margaí, nó bac a chur ar a leathnú iontu, trí chosc, bac nó srian a chur ar rochtain RegioJet ar vaigíní iarnróid athláimhe le haghaidh iompar fad-achair paisinéirí.

11. Sa ráiteas agóidí, chinn an Coimisiún roimh ré gur iomaitheoirí ionchasacha iad na Páirtithe ar an margadh chun seirbhísí iompair idirnáisiúnta d'iarnród a sholáthar do phaisinéirí ar an mbealach idir Prág agus Vín agus ar an margadh chun seirbhísí iompair fad-achair intíre d'iarnród a sholáthar do phaisinéirí sa tSeicia, agus gur chomhaontaigh siad gabháil d'iompar a raibh sé d'aidhm aige a gcomhiomaitheoir RegioJet a fhoriamh trí ionchur tábhachtach, i.e. vaigíní iarnróid athláimhe le haghaidh iompar fad-achair paisinéirí, a dhiúltú dó. Dá réir sin, sa ráiteas agóidí, rinne an Coimisiún an t-iompar a réamhcháiliú mar chairtéal de chineál baghcait chomhchoitinn.

12. Leis an sárú líomhnaithe, cumhdaíodh críoch iomlán na Seicia chomh maith leis an mbealach idir Prág agus Vín agus mhair sé ón 9 Bealtaine 2012 go dtí an 21 Eanáir 2016.

### 3.2. Rochtain ar an gComhad

13. An 21 Meitheamh 2022, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht DVD do ÖBB go pearsanta ina raibh an chuid inrochtana den cháschomhad.

14. An 23 Meitheamh 2022, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht DVD ina raibh an chuid inrochtana den cháschomhad ar fáil do ČD le cúiréir. Tugadh rochtain do ČD roimhe seo ar ráitis trócaire ÖBB trí mhodhanna rochtana fíorúla an 16 agus an 19 Aibreán 2021 ([9]).

15. An 29 Iúil 2022, d'iarr ČD ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht tuilleadh rochtana a thabhairt ar an gcomhad. Le ríomhphost an 9 Lúnasa 2022, dhiúltaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht d'iarraidh ČD ar thuilleadh rochtana ar an gcomhad.

16. An 15 Lúnasa 2022, fuair an tOifigeach Éisteachta iarraidh ó ČD ag lorg tuilleadh rochtana ar an gcomhad, de bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2011/695/AE ('Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022') ([10]).

17. An 25 Lúnasa 2022, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht roinnt soiléirithe do ČD maidir le doiciméid áirithe a chumhdaítear leis an Iarraidh de bhun Airteagal 7.

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le stiúradh imeachtaí ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE (IO L 123, 27.4.2004, lch. 18), ('Rialachán Uimh. 773/2004').

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1) ('Rialachán Uimh. 1/2003').

([9]) Mar gheall ar shrianta taistil a bhaineann le COVID, deonaíodh rochtain ar na ráitis trócaire sin agus ar dhoiciméid áirithe eile trí léamh amach ar ghlao comhdhála, le comhaontú ČD.

([10]) An tráth céanna, d'iarr ČD orm a dheimhniú nó a dheonú go gcuirfí an teorainn ama ar fionraí nó go gcuirfí síneadh breise léi chun freagairt don ráiteas agóidí de bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2011/695/AE (féach mír 38 thíos).

18. An 23 agus an 25 Samhain 2022, arna iarraidh sin don Oifigeach Éisteachta agus tar éis dul i dteagmháil leis na soláthraithe faisnéise, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht tuilleadh rochtana ar dhoiciméid áirithe a chumhdaítear leis an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022 ([11]). Dheonaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht do ČD go mbeadh go dtí an 30 Nollaig 2022 aige aon bharúil fhorlíontach maidir leis na doiciméid sin a chur isteach. An 1 Nollaig 2022, d'iarr ČD go gcuirfí síneadh leis an teorainn ama sin go dtí an 31 Eanáir 2022 (**). An 7 Nollaig 2022, dheonaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht síneadh leis an teorainn ama go dtí an 16 Eanáir 2023, agus ar an dáta sin chuir ČD barúlacha forlíontacha isteach maidir leis na doiciméid.

19. An 11 Iúil 2023, rinne ÖBB a agóidí maidir le sonraí pearsanta áirithe atá i ndoiciméid ÖBB a nochtadh a thuilleadh a tharchur chuig an Oifigeach Éisteachta, de bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh 2011/695/AE.

20. An 25 Iúil 2023, chun aghaidh a thabhairt ar bharúlacha a thug ČD ina fhreagra ar an ráiteas agóidí maidir le rochtain ar mhiontuairiscí cruinnithe, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid chomhaimseartha glaonna agus cruinnithe, rochtain do ČD ar mhiontuairiscí trí chruinniú idir an Coimisiún agus ionadaithe ÖBB agus [....] a tionóladh in 2017, 2018 agus 2021 ([12]). An 22 Lúnasa 2023, chuir ČD barúlacha isteach maidir leis na miontuairiscí sin.

21. An 20 Meán Fómhair 2023, arna iarraidh sin don Oifigeach Éisteachta agus tar éis dul i dteagmháil leis na soláthraithe faisnéise, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht tuilleadh rochtana do ČD trí bhíthin leaganacha nua neamhrúnda de dhoiciméid chomhaid áirithe ([13]) agus leag sí síos an 4 Deireadh Fómhair 2023 mar sprioc-am breise chun aon bharúil fhorlíontach maidir leis na doiciméid sin a chur isteach. An 25 Meán Fómhair 2023, d'iarr ČD go gcuirfí síneadh leis an teorainn ama sin agus dheonaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht síneadh go dtí an 13 Deireadh Fómhair 2023, arbh é an dáta a chuir ČD barúlacha forlíontacha isteach ([14]).

22. An 21 Meán Fómhair 2023, mar fhreagra ar tharchur agóidí ÖBB an 11 Iúil 2023 ([15]), ghlac an tOifigeach Éisteachta cinneadh de bhun Airteagal 8 de Chinneadh 2011/695/AE, lena gceadaítear sonraí pearsanta áirithe i ndoiciméid ÖBB a nochtadh do ČD (an 'Cinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB'). An 18 Deireadh Fómhair 2023, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht tuilleadh rochtana do ČD ar an bhfaisnéis sin agus leag sí síos sprioc-am breise chun aon bharúil fhorlíontach maidir leis an bhfaisnéis a bhfuarthas rochtain nua uirthi a chur isteach, faoin 2 Samhain 2023 ([16]).

23. An 25 Deireadh Fómhair 2023, d'iarr ČD go ndeonódh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht (a) síneadh go dtí an 16 Samhain 2023 leis an sprioc-am a luaitear sa mhír roimhe seo, agus (b) rochtain ar an gCinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB agus rochtain ar '*... dhoiciméid eile nár nochtadh fós a cuireadh i gcomhad an Choimisiúin tar éis eisiúint an ráitis agóidí an 10 Meitheamh 2022 (más ann dóibh)*'.

24. An 27 Deireadh Fómhair 2023, dheonaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht an síneadh leis an sprioc-am a d'iarr ČD. An 16 Samhain 2023, chuir ČD a bharúlacha isteach maidir leis an bhfaisnéis ar ar tugadh rochtain an 18 Deireadh Fómhair 2023.

25. An 1 Nollaig 2023, ghlac an tOifigeach Éisteachta cinneadh maidir leis na codanna den Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022 nár réitíodh roimhe sin (mar a thuairiscítear i míreanna 17, 18 agus 21 go 22) (an 'Cinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023').

---

([11]) […]. Go sonrach, áirítear ar na doiciméid sin treoirlínte inmheánacha ÖBB maidir le rothstoc athláimhe a dhíol agus faisnéis áirithe maidir le tairiscintí.

(**) Ba cheart an méid seo a leanas a léamh: '2023'.

([12]) […].

([13]) […].

([14]) Ina theannta sin, an 24 Samhain 2023, dheonaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht rochtain do ČD ar leagan neamhrúnda athbhreithnithe de Dhoiciméad [...]. Ós rud é nár cuireadh aon fhaisnéis nua ar fáil do ČD sa doiciméad sin, níor dheonaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht sprioc-am chun barúlacha forlíontacha maidir leis an doiciméad sin a chur isteach. D'fhreagair ČD don nochtadh sin, áfach, le ríomhphost an 29 Samhain 2023.

([15]) Féach mír 19.

([16]) i.e. ainmneacha (lena n-áirítear seoltaí ríomhphoist) agus poist na ndaoine aonair a luaitear sna doiciméid seo a leanas: [….].

26. An 20 Nollaig 2023, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht ČD ar an eolas go raibh sé beartaithe aici an fhaisnéis sa fhreagra a thug ČD an 14 Iúil 2023 ar an iarraidh ar fhaisnéis a rinneadh an 15 Meitheamh 2023 (an 'Freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Iúil 2023') ([17]) a nochtadh do ÖBB agus leag sí síos an 7 Eanáir 2024 mar sprioc-am chun an t-ábhar a tharchur chuig an Oifigeach Éisteachta, dá mba mhian le ČD agóid a dhéanamh in aghaidh an nochta a bhí beartaithe.

27. An 5 Eanáir 2024, tharchuir ČD chuig an Oifigeach Éisteachta, de bhun Airteagal 8 de Chinneadh 2011/695/AE, a agóidí in aghaidh faisnéis áirithe a áirítear sa Fhreagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Iúil 2023 a bheith á nochtadh do ÖBB.

28. An 10 Eanáir 2024, mar fhreagra ar an iarraidh ar thuilleadh rochtana a rinne ČD an 25 Deireadh Fómhair 2023, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht leagan neamhrúnda d'aighneacht ÖBB an 20 Feabhra 2023 ar fáil do ČD [...] agus chuir sí in iúl nár comhlíonadh coinníollacha phointe 27, an dara mír, den Fhógra maidir le Rochtain ar an gComhad ([18]) i gcás doiciméid eile a cuireadh i gcomhad an Choimisiúin tar éis ghlacadh an ráitis agóidí. Ina theannta sin, dhiúltaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht d'iarraidh ČD go dtabharfaí rochtain dó ar an gCinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB. An 28 Feabhra 2024, chuir ČD barúlacha isteach maidir le haighneacht ÖBB an 20 Feabhra 2023.

29. An 28 Feabhra 2024, fuair an tOifigeach Éisteachta iarraidh nua ó ČD lenar lorgaíodh tuilleadh rochtana ar an gcomhad, de bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2011/695/AE agus tagairt á déanamh do fhreagra na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht an 10 Eanáir 2024 ('Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024').

30. An 15 Márta 2024, mar fhreagra ar tharchur agóidí ČD an 5 Eanáir 2024, ghlac an tOifigeach Éisteachta cinneadh de bhun Airteagal 8 de Chinneadh 2011/695/AE, lena gceadaítear sonraí pearsanta áirithe sa Fhreagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Iúil 2023 a nochtadh do ÖBB (an 'Cinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ČD').

31. An 10 Meitheamh 2024, arna iarraidh sin don Oifigeach Éisteachta agus tar éis dul i dteagmháil le ÖBB, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht tuilleadh rochtana do ČD ar fhaisnéis maidir le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB trí bhíthin leaganacha nua neamhrúnda de dhoiciméid chomhaid áirithe ([19]) agus leag sí síos an 24 Meitheamh 2024 mar sprioc-am breise chun aon bharúil fhorlíontach maidir leis na doiciméid sin a chur isteach. Ina theannta sin, an 11 Meitheamh 2024, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht rochtain do ČD ar an leagan neamhrúnda de na hIarscríbhinní a ghabhann le freagra ÖBB ar an ráiteas agóidí, agus an sprioc-am céanna ann chun aon bharúil fhorlíontach a chur isteach. Arna iarraidh sin do ČD, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht síneadh leis an sprioc-am chun barúlacha forlíontacha a chur isteach go dtí an 19 Iúil 2024. Thairis sin, an 11 Meitheamh 2024, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht rochtain do ÖBB ar an leagan neamhrúnda de na hIarscríbhinní a ghabhann le freagra ČD ar an ráiteas agóidí, agus an sprioc-am céanna ann chun aon bharúil fhorlíontach a chur isteach.

32. An 12 Iúil 2024, ghlac an tOifigeach Éisteachta cinneadh maidir leis an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024 (an 'Cinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024').

33. An 24 Meitheamh 2024 agus an 19 Iúil 2024, chuir ÖBB agus ČD faoi seach barúlacha forlíontacha isteach maidir leis an bhfaisnéis ar ar tugadh rochtain i mí an Mheithimh 2024. An 26 Iúil 2024, chuir ČD barúlacha i scríbhinn isteach maidir le haighneacht ÖBB an 24 Meitheamh 2024.

34. Na hIarrataí a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022 agus an 28 Feabhra 2024 agus an chaoi ar tugadh aghaidh sna himeachtaí sin ar rochtain ar an gcomhad, déantar measúnú orthu i roinn 5.5.

([17]) An 7 Nollaig 2023, d'iarr an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht ar ČD a dheimhniú gur féidir an Freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Iúil 2023 a chur ar fáil do ÖBB ina iomláine. Thug ČD freagra an 14 Nollaig 2023 trí roinnt maímh rúndachta a dhéanamh i ndáil leis an bhFreagra ar an iarraidh ar fhaisnéis an 14 Iúil 2023 agus trí leagan neamhrúnda beartaithe a áireamh ann.

([18]) Fógra ón gCoimisiún maidir leis na rialacha i ndáil le rochtain ar chomhad an Choimisiúin i gcásanna de bhun Airteagail 81 agus 82 de Chonradh CE, Airteagail 53, 54 agus 57 de Chomhaontú LEE agus Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle, IO C 325, 22.12.2005, lch. 7 ('Fógra maidir le Rochtain ar an gComhad').

([19]) […]. Comhfhreagraíonn na doiciméid dóibh siúd a shainaithnítear in Airteagal 7 de Chinneadh an 1 Nollaig 2023 mar dhoiciméid ina n-áirítear faisnéis maidir le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB.

### 3.3. **Freagra i scríbhinn ar an ráiteas agóidí**

35. Thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht tréimhse 12 sheachtain do ČD agus ÖBB ar dtús chun a fhreagra i scríbhinn ar an ráiteas agóidí a chur isteach. Dá bhrí sin, ba é an 16 Meán Fómhair 2022 i gcás ČD agus an 14 Meán Fómhair 2022 i gcás ÖBB an sprioc-am bunaidh chun an freagra ar an ráiteas agóidí a chur isteach.

36. In iarraidh a rinne ČD ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht dar dáta an 29 Iúil 2022, d'iarr sé go ndeimhneofaí nár cuireadh tús leis an sprioc-am dá fhreagra ar an ráiteas agóidí nó gur cuireadh ar fionraí é, nó de rogha air sin, go gcuirfí síneadh '12 sheachtain bhreise ar a laghad' leis an teorainn ama chun a fhreagra i scríbhinn a thabhairt ar an ráiteas agóidí, go dtí 'an 9 Nollaig 2022 ar a laghad'.

37. An 9 Lúnasa 2022, dhiúltaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht do na hiarrataí sin.

38. An 15 Lúnasa 2022, d'iarr ČD ar an Oifigeach Éisteachta a dheimhniú gur cuireadh an sprioc-am dá fhreagra ar an ráiteas agóidí ar fionraí, nó mar mhalairt air sin síneadh a chur leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar an ráiteas agóidí go dtí an 23 Nollaig 2022 ar a laghad. Le ríomhphost an 25 Lúnasa 2022, dhiúltaigh an tOifigeach Éisteachta don iarraidh go gcuirfí ar fionraí an teorainn ama chun an freagra i scríbhinn ar an ráiteas agóidí a chur isteach agus chuir sé síneadh leis an teorainn ama go dtí an 30 Meán Fómhair 2022, de bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2011/695/AE.

39. An 14 Meán Fómhair 2022, chuir ÖBB a fhreagra i scríbhinn ar an ráiteas agóidí isteach ('Freagra ÖBB ar an ráiteas agóidí'). Ina fhreagra ar an ráiteas agóidí, d'iarr ÖBB éisteacht ó bhéal.

40. An 30 Meán Fómhair 2022, chuir ČD a fhreagra i scríbhinn ar an ráiteas agóidí isteach ('Freagra ČD ar an ráiteas agóidí'). Ina fhreagra ar an ráiteas agóidí, d'iarr ÖBB éisteacht ó bhéal.

41. An 15 Samhain 2022, sholáthair an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht do ČD agus ÖBB an leagan neamhrúnda den fhreagra a thug an páirtí eile ar an ráiteas agóidí.

### 3.4. **Tríú duine leasmhara**

42. An 2 Samhain 2022, d'iarr RegioJet go bhfaigheadh sé éisteacht sna himeachtaí thuasluaite mar thríú duine leasmhar, agus cuireadh chuig an éisteacht ó bhéal.

43. An 9 Samhain 2022, d'eisigh mé cinneadh inar chinn mé gur léirigh RegioJet leas leordhóthanach, de réir bhrí Airteagal 27(3) de Rialachán Uimh. 1/2003, Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 773/2004 agus Airteagal 5 de Chinneadh 2011/695/AE, chun go ligfí isteach sa nós imeachta mar thríú duine leasmhar é. Sa chinneadh sin, d'iarr mé ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, de bhun Airteagal 13(1) de Rialachán Uimh. 773/2004, RegioJet a chur ar an eolas i scríbhinn faoi chineál agus ábhar an nós imeachta, agus teorainn ama a leagan síos ar laistigh di a d'fhéadfadh RegioJet a thuairimí a chur in iúl i scríbhinn.

44. An 10 Samhain 2022, chuir mé in iúl do ČD agus ÖBB gur ligeadh RegioJet isteach mar thríú duine leasmhar sna himeachtaí.

45. An 15 Samhain 2022, rinne ČD maímh shubstaintiúla rúndachta i ndáil leis an dréacht-achoimre a d'ullmhaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht chun RegioJet a chur ar an eolas i scríbhinn faoi chineál agus ábhar an nós imeachta.

46. An 17 Samhain 2022, dhiúltaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht d'fhormhór na maíomh a áiríodh san iarraidh rúndachta sin ([20]) agus chuir sí in iúl do ČD go raibh sé i dteideal an t-ábhar a tharchur chuig an Oifigeach Éisteachta i gcás easaontais. D'iarr an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht ar ČD an tarchur, más ann dó, a dhéanamh faoin 21 Samhain 2022.

47. An 21 Samhain 2022, tharchuir ČD an diúltú chuig an Oifigeach Éisteachta de bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh 2011/695/AE.

([20]) Sa diúltú sin, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht leagan athbhreithnithe den dréacht-achoimre ar fáil (an 'Achoimre').

48. An 24 Samhain 2022, fad a bhí an cinneadh maidir leis an iarraidh a luaitear sa mhír roimhe seo ar feitheamh, rinne an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht RegioJet a threorú i dtreo na preaseisiúna maidir le glacadh an ráitis agóidí, dar dáta an 10 Meitheamh 2022, ina bhfuil roinnt faisnéise teoranta maidir le hábhar na n-imeachtaí ([21]). Mar sprioc-am, tugadh go dtí an 30 Samhain 2022 do RegioJet chun barúlacha i scríbhinn a sholáthar.

49. An 30 Samhain 2022, chuir RegioJet barúlacha i scríbhinn isteach i ndáil leis an bpreaseisiúint agus dheimhnigh sé go bhfuil sé toilteanach freastal ar an éisteacht ó bhéal.

50. An 6 Nollaig 2022, d'eisigh mé cinneadh inar chinn mé gurbh iomchuí an deis a thabhairt do RegioJet a thuairimí a chur in iúl ag an éisteacht ó bhéal.

51. An 9 Nollaig 2022, ghlac mé cinneadh lenar dhiúltaigh mé d'agóidí ČD in aghaidh faisnéis áirithe a áirítear san Achoimre a luaitear i bhfonóta 20 a nochtadh don tríú duine leasmhar agus chuir mé in iúl nach nochtfaí an fhaisnéis sula mbeadh tréimhse 10 lá caite ó fhógra a thabhairt faoin gcinneadh. Dá bhrí sin, ní raibh an fhaisnéis sin ar fáil do RegioJet tráth na héisteachta ó bhéal, a tionóladh an 13 agus an 14 Nollaig 2022 ([22]).

52. An 13 Nollaig 2022, bhí RegioJet rannpháirteach san éisteacht ó bhéal i bhfoirm cur i láthair. Mar gheall ar mhaímh rúndachta ČD a luaitear i míreanna 45 agus 47, ní fhéadfadh RegioJet freastal ar an gcuid eile d'imeachtaí na héisteachta ó bhéal, lena n-áirítear an cur i láthair a rinne an fhoireann cásanna.

53. Mar a thug mé le fios ag an éisteacht ó bhéal, mheas mé go raibh an staid sin míshásúil ([23]). D'fhógair mé freisin ag an éisteacht ó bhéal gur chinn mé an 9 Nollaig 2022 diúltú do mhaímh rúndachta ČD maidir leis an Achoimre a d'ullmhaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht ([24]).

54. An 26 Eanáir 2023, tugadh rochtain do RegioJet ar an Achoimre agus iarradh air barúlacha a thabhairt faoin 10 Feabhra 2023. An 10 Feabhra 2023, chuir RegioJet na barúlacha sin isteach. An 21 Márta 2023, chuir ČD freagra ar na barúlacha sin isteach.

## 4. ÉISTEACHT Ó BHÉAL AGUS AN NÓS IMEACHTA INA DIAIDH SIN

### 4.1. Éisteacht ó Bhéal

55. Tionóladh an éisteacht ó bhéal an 13 Nollaig agus ar maidin an 14 Nollaig 2022. Tionóladh an éisteacht ó bhéal i mBéarla, tar éis do na Páirtithe a chur in iúl go raibh sé beartaithe acu a dtuairimí a chur i láthair i mBéarla amháin agus nach mbeadh gá acu féin le hateangaireacht go Seicis ná go Gearmáinis ([25]).

56. I gcomhréir le pointe 108 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí, áirithíodh go mbeadh bainistíocht shinsearach na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht i láthair go leanúnach trí [....] (Leas-Ardstiúrthóir in aghaidh Trustaí) agus [….] (Stiúrthóir COMP/F). [….] Bhí (Comh-aireacht Vestager, Uas.) i láthair freisin. I measc ionadaithe eile thar ceann an Choimisiúin bhí: [….] (Cásbhainisteoir, Ceann Aonaid COMP/F1) agus [....] (Cásbhainisteoir, Leas-Cheann Aonaid COMP/F1) agus baill eile den fhoireann cásanna agus d'Fhoireann an Phríomheacnamaí, ball amháin den tSeirbhís Dlí agus beirt ionadaithe ó Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (AS MOVE) a bheith i láthair. Thairis sin, bhí ionadaithe ó údaráis iomaíochta dhá Bhallstát i láthair san éisteacht ó bhéal, agus d'fhreastail ionadaithe ó údaráis iomaíochta cúig Bhallstát eile uirthi go cianda ([26]).

([21]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_22_3585.
([22]) Féach roinn 4.
([23]) Go teoiriciúil, d'fhéadfainn an éisteacht ó bhéal a roinnt ina seisiúin a bheadh ar oscailt do RegioJet agus dúnta dó, agus a iarraidh ar na páirtithe an fhaisnéis rúnda uile a áireamh sna cuir i láthair le haghaidh na seisiún dúnta. Mar sin féin, níorbh fhéidir an réiteach sin a bhaint amach sa chleachtas, i bhfianaise maímh rúndachta shubstaintiúla gan údar a rinne ČD lenar cumhdaíodh beagnach an fhaisnéis uile san Achoimre.
([24]) Féach mír 51.
([25]) Tá sé sin i gcomhréir leis na tarscaoiltí teanga a dheonaigh ČD an 16 Bealtaine 2019 agus ÖBB an 14 Deireadh Fómhair 2020, rud a deimhníodh i malartuithe thairis sin leis an Oifigeach Éisteachta, go háirithe, le ríomhphoist an 29 Samhain 2022 agus i nglaonna an 7 Nollaig 2022.
([26]) Tá liosta iomlán de na rannpháirtithe le fáil.

57. Áirítear sna míreanna seo a leanas achoimre ar thuairimí na bPáirtithe a cuireadh i láthair ag an éisteacht ó bhéal.

58. Mar a thuairiscítear i mír 52, rinne RegioJet cur i láthair, bunaithe ar an bhfaisnéis a shonraítear i mír 48, agus níorbh fhéidir leis fanacht ar feadh an chuid eile den éisteacht ó bhéal.

59. Ina chur i láthair, chuir RegioJet in iúl nach raibh mórán faisnéise faoi ábhar an cháis aige agus go bhfuair sé ó na meáin í. Ó 2009 go 2012, bhí RegioJet in ann cóistí iomadúla a cheannach ó ÖBB agus bhí comhoibriú den scoth ann. Ó 2012, bhí sé deacair do RegioJet cóistí athláimhe a fháil ó ÖBB agus tháinig méadú mór ar phraghsanna. Dá thoradh sin, níor cheannaigh RegioJet cóistí ó ÖBB tar éis 2012. Mhaígh RegioJet, dá thoradh sin, gur cuireadh moill ar a leathnú agus ar thionscadail nua, agus gur cuireadh teorainn lena chumas a chostais in aghaidh an tsuíocháin a laghdú. Ó 2017, tar éis do RegioJet tús a chur le hoibríochtaí ar an mbealach idir Prág agus Vín, stop ÖBB de bheith ag díol cóistí athláimhe le haon ghnóthas.

60. Ina chur i láthair, d'áitigh ÖBB gur sheas sé lena iarratas ar thrócaire agus go raibh a ráitis chorparáideacha cruinn. Mar sin féin, chuir sé in aghaidh torthaí áirithe ón gCoimisiún, a rachadh níos faide ná na ráitis chorparáideacha. Go sonrach, chuir ÖBB in aghaidh thús líomhnaithe an tsáraithe (i.e. an 9 Bealtaine 2012). Mhaígh sé nach raibh an doiciméad 'Dúshláin Choiteanna' ina bhunús leordhóthanach chun a shuí gur cuireadh tús leis an sárú an 9 Bealtaine 2012. De réir ÖBB, níor thángthas ar chomhaontú roimh an 7 Meán Fómhair 2012.

61. Ina theannta sin, chuir ÖBB in aghaidh an chur chuige a glacadh i leith bunmhéid na fíneála a chinneadh, is é sin an leathchuid de láimhdeachas ČD arna ghiniúint ar mhargadh na Seicia as seirbhísí fad-achair do phaisinéirí a chur i leith ÖBB. Mhaígh ÖBB nach raibh aon bhunús leis an gcur chuige a bhí beartaithe i bpointe 18 de na Treoirlínte maidir le Fíneálacha, ([27]) nárbh infheidhme go díreach ná de réir analaí. Mhaígh ÖBB nach raibh sé gníomhach riamh ar mhargadh intíre na Seicia agus nach raibh fianaise leordhóthanach ann go bhféadfadh caidreamh iomaíoch a bheith aige ar an margadh sin. In aon chás, mhaígh ÖBB nach raibh láimhdeachas uile ČD as seirbhísí fad-achair ábhartha agus nár shainaithin an Coimisiún i gceart an margadh a ndearnadh difear dó.

62. Chomh maith leis sin, mhaígh ÖBB go raibh róil, leasanna agus rannchuidithe éagsúla ag ČD agus ÖBB agus gur cheart don Choimisiún iad sin a bhreithniú agus na fíneálacha á socrú aige. Go sonrach, cháin ÖBB an Coimisiún as neamhaird a dhéanamh den ról ceannasach atá ag ČD agus de ghnéithe de bheartas ginearálta ÖBB rothstoc athláimhe a dhíol seachas a dhiúscairt, ar gnéithe ar son na hiomaíochta iad. Thairis sin, d'áitigh ÖBB nach raibh aon leas eacnamaíoch aige i margadh na Seicia. Ina theannta sin, d'áitigh ÖBB nach raibh baint ag a ardbhainistíocht leis an sárú agus gur cuireadh chun feidhme ar an leibhéal oibríochtúil go heisiach é.

63. Dá réir sin, mhaígh ÖBB gur sárú ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta é an leathchuid de láimhdeachas ČD sa tSeicia a chur i leith ÖBB mar a bhí beartaithe.

64. Ina chur i láthair, líomhain ČD go raibh roinnt earráidí fíorais agus measúnaithe sa ráiteas agóidí.

65. Ó thaobh fíoras de, d'áitigh ČD nach raibh aon fhianaise sa chomhad go raibh aon socrú éagórach nó claonpháirteachas idir ÖBB agus ČD. Mhaígh ČD nach raibh aon fhianaise dhíreach ann go raibh cairtéal ann agus gur cumadh sa ráiteas agóidí é as 15 theagmhas ar leithligh, a raibh trí cinn acu lasmuigh de thréimhse ábhartha an tsáraithe líomhnaithe, a raibh sé cinn acu neamhábhartha nó ag teacht salach ar an sárú líomhnaithe agus a raibh cúig cinn acu bainteach, go páirteach ar a laghad, le vaigíní a díoladh le RegioJet. Mhaígh ČD gur shaobh an Coimisiún na fíorais trí léamh roghnaitheach a dhéanamh ar an bhfianaise agus ar na teagmhais. Mhaígh ČD go raibh díolacháin ÖBB faoi réir comhaontú eisiachais (ceart an chéad diúltú) le RegioJet nó go raibh sé de shaoirse ag ÖBB cinneadh a dhéanamh maidir leo agus go raibh siad faoi réir phrionsabal na tairisceana is airde. D'áitigh ČD, i gcomhthéacs na ndíolachán a d'fhéadfaí a mheas a bheith ábhartha, gur dhíol ÖBB 99 vaigín le RegioJet agus gan ach 45 vaigín le ČD.

([27]) Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú a ghearrtar de bhun Airteagal 23(2)(a) de Rialachán Uimh. 1/2003 (IO C 210, 1.9.2006, lch. 2) ('Treoirlínte maidir le Fíneálacha').

66. Chomh maith leis sin, mhaígh ČD nach raibh iarratas ÖBB ar thrócaire iontaofa agus nár cheart don Choimisiún a bheith ag brath air. Go sonrach, d'áitigh ČD go léiríonn ord croineolaíoch na dteagmhas cineál amhrasach na hadmhála a rinne ÖBB agus go bhféadfadh sé gur taisceadh an t-iarratas ar thrócaire chun cásanna iomadúla neamhghaolmhara a réiteach. Mhaígh ČD gur chuir an Coimisiún iallach ar ÖBB, nó gur imir sé tionchar míchuí air, a iarratas ar thrócaire a athrú ([28]).

67. Thairis sin, mhaígh ČD nárbh ann d'aon chairtéal de chineál baghcait chomhchoitinn. Go sonrach, mhaígh ČD nach raibh aon chaidreamh cothrománach idir ČD agus ÖBB sa tréimhse ábhartha ar aon mhargadh agus nárbh ann dó sin, go háirithe, ar an margadh réamhtheachtach le haghaidh vaigíní athláimhe ná ar an margadh iartheachtach le haghaidh iompar fad-achair d'iarnród. Go sonrach, mhaígh ČD nach raibh ÖBB agus ČD ina n-iomaitheoirí ionchasacha i margaí iompair paisinéirí intíre na Seicia, ná ar an mbealach idir Prág agus Vín mar a ndeachaigh siad i gcomhar le chéile faoin tionscadal Railjet. Cháin ČD an Coimisiún as gan anailís cheart a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh na Páirtithe ina n-iomaitheoirí ionchasacha agus, go háirithe, ar chumas, dreasachtaí agus rún na bPáirtithe dul isteach sna margaí ábhartha.

68. Mhaígh ČD freisin go raibh aicmiú an iompair líomhnaithe mar shrian de réir cuspóra mícheart agus, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí iarbhír agus anailís a dhéanamh ar na margaí ábhartha. Líomhain ČD go bhféadfadh RegioJet, sa chás frithfhíorasach, sé vaigín breise ar a mhéad a cheannach, as a bhféadfaí traein doscartha bhreise amháin a dhéanamh. Dá réir sin, in aon chás, ní fhéadfadh éifeacht eisiatach a bheith ag an gcomhaontú líomhnaithe ar RegioJet de réir ČD. Mhaígh ČD nach raibh RegioJet teoranta ó thaobh ceannachán vaigíní de agus go raibh neart roghanna eile aige maidir le vaigíní paisinéirí a cheannach.

69. Ina theannta sin, mhaígh ČD, ós rud é go bhfuil an caidreamh idir ČD agus ÖBB go hiomlán ingearach, gur cheart go dtairbheodh an comhaontú líomhnaithe den bhlocdhíolúine ingearach mar chomhaontú ingearach neamh-chómhalartach, agus na sciartha den mhargadh atá ag na Páirtithe á gcur san áireamh, agus den phrionsabal *de minimis*. Thairis sin, líomhain ČD gur cheart measúnú a dhéanamh ar an gcomhaontú líomhnaithe mar shrian coimhdeach le comhar Railjet.

70. Chomh maith leis sin, mhaígh ČD nach raibh an comhaontú líomhnaithe ina shárú aonair leanúnach, toisc go raibh na heilimintí riachtanacha in easnamh, i.e. plean foriomlán, cuspóir comhionann ag gníomhaíochtaí aonair, rannchuidiú le cuspóir comhchoiteann trí iompar gach gnóthais agus eolas nó intuarthacht ag ČD ar ghníomhaíochtaí ÖBB.

71. Ina theannta sin, mhaígh ČD nach bhféadfadh sé a thuar go réasúnta go mbreathnófaí ar an gcomhaontú líomhnaithe mar chomhaontú frithiomaíoch agus nach iompar d'aon ghnó ná iompar faillíoch a bhí in iompar ČD. Dá réir sin, níor cheart aon fhíneáil a ghearradh. In aon chás, bhí an modh chun an fhíneáil a chinneadh lochtach agus mícheart a mhéid a bhaineann le luach díolachán, tromchúis agus fad an tsáraithe líomhnaithe.

72. Ar deireadh, ina chur i láthair, líomhain ČD freisin go raibh roinnt earráidí nós imeachta ann, a dtugtar tuairisc agus a ndéantar measúnú orthu sa roinn seo a leanas.

### 4.2. **An nós imeachta tar éis na hÉisteachta ó Bhéal**

73. An 31 Eanáir 2023, chuir ČD barúlacha breise isteach maidir le forbairtí áirithe a tharla tar éis do ČD freagra a thabhairt ar an ráiteas agóidí agus, go háirithe, maidir leis an bhfreagra a thug ÖBB ar an ráiteas agóidí agus leis an aighneacht a rinne RegioJet an 30 Samhain 2022 ([29]).

([28]) Féach roinn 5, maidir leis na hargóintí nós imeachta a rinne ČD.
([29]) Féach mír 49.

74. Mar a léirítear i mír 31, an 11 Meitheamh 2024, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht rochtain do ČD agus ÖBB ar an leagan neamhrúnda de na hIarscríbhinní a ghabhann le freagra an Pháirtí eile ar an ráiteas agóidí.

75. Bhí cruinniú maidir le staid na himeartha ag an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht an 20 Meán Fómhair 2024 le ÖBB agus an 25 Meán Fómhair 2024 le ČD.

76. An 2 Deireadh Fómhair 2024, d'iarr ČD ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht cruinniú a eagrú de bhun phointe 70 den Fhógra maidir le Dea-chleachtais in aghaidh Trustaí ([30]) agus d'iarr sé '*go gcuirfí ar an eolas go cuí é faoin modheolaíocht nuashonraithe socraithe fíneálacha agus go dtabharfaí deis leormhaith dó barúil a thabhairt ina leith*'. An 9 Deireadh Fómhair 2024, dhiúltaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht do na hiarrataí sin.

77. An 10 Deireadh Fómhair 2024, sheol ČD litir chuig an Oifigeach Éisteachta, ina ndearnadh achoimre agus athshonrú ar roinnt gearán nós imeachta. Go sonrach, mhaígh ČD, mar is léir ón gcruinniú maidir le staid na himeartha an 25 Meán Fómhair 2024, go bhféadfadh sé go gcuimseofaí sa chinneadh a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a ghlacadh '*ábhair dlí agus fíorais nár cuireadh in iúl go leormhaith do ČD*' (go háirithe an mhodheolaíocht socraithe fíneálacha), '*[go bhfuil] gá leis an dara héisteacht ó bhéal*', gur bhain '*earráidí tromchúiseacha*' don imscrúdú nár '*ceartaíodh*', go bhféadfadh sé go neamhneofaí an cinneadh de dheasca na n-earráidí nós imeachta agus, go háirithe, toisc nár nochtadh taifid cruinnithe, rud a líomhnaítear, agus gur cheart cruinniú a shocrú de bhun phointe 70 den Fhógra maidir le Dea-chleachtais in aghaidh Trustaí. An 18 Deireadh Fómhair 2024, d'fhreagair an tOifigeach Éisteachta an litir sin.

## 5. **ARGÓINTÍ NÓS IMEACHTA**

78. Pléitear sa roinn seo na hargóintí nós imeachta a rinne na Páirtithe, agus a rinne ČD go sonrach, ([31]) le linn na héisteachta ó bhéal, sa fhreagra ar an ráiteas agóidí agus i roinnt aighneachtaí a rinneadh tar éis freagra a thabhairt ar an ráiteas agóidí ([32]).

### 5.1. **Comhéigean nó tionchar míchuí maidir le hiarratas ÖBB ar thrócaire agus maidir lena ráitis chorparáideacha**

79. I measc mhaímh ČD maidir le hiarratas ÖBB ar thrócaire agus maidir lena ráitis chorparáideacha, ([33]) mhaígh ČD gur chuir an Coimisiún iallach ar ÖBB a iarratas ar thrócaire a athrú chun go n-oirfeadh sé d'insint an Choimisiúin, nó gur imir an Coimisiún tionchar míchuí air chuige sin ([34]). Go ginearálta, mhaígh ČD nach bhfuil siad iontaofa, mar a léirítear lena neamhréireacht, le fianaise a bheith ann a thagann salach orthu agus le comhthéacs a gcur isteach. Mhaígh ČD go bhfuil comharthaí i miontuairiscí cruinnithe áirithe ar shocrú *quid pro quo* idir an Coimisiún agus ÖBB chun cásanna iomadúla neamhghaolmhara a réiteach.

80. Ba líomhain an-tromchúiseach í an líomhain a rinne ČD go bhféadfadh sé gur chuir an Coimisiún iallach ar ÖBB a iarratas ar thrócaire a athrú nó a choigeartú, nó gur imir sé tionchar míchuí air chuige sin.

81. Dá bhrí sin, d'iarr mé ar ÖBB ag an éisteacht ó bhéal ar chuir an Coimisiún iallach nó brú riamh air, nó ar mhothaigh sé gur chuir, mar a líomhain ČD. D'fhreagair ÖBB go neamhbhalbh nár chuir.

([30]) Fógra ón gCoimisiún maidir le dea-chleachtais chun imeachtaí a bhaineann le hAirteagail 101 agus 102 CFAE a sheoladh (IO C 308, 20.10.2011, lch. 6) ('Dea-Chleachtais in aghaidh Trustaí').

([31]) Mhaígh ÖBB ina fhreagra ar an ráiteas agóidí nach raibh fianaise leordhóthanach ann i dtaca le torthaí áirithe ón gCoimisiún. Chomh maith leis sin, i mír 7 den fhreagra a thug ÖBB ar an ráiteas agóidí, mhaígh ÖBB go bhféadfadh sé gur sháraigh an Coimisiún an prionsabal maidir le toimhde na neamhchiontachta a leagtar amach in Airteagal 48(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (IO C 326, 26.10.2012, lch. 393, an 'Chairt') trí gan fianaise bheacht chomhsheasmhach a thabhairt ar aird. Ós rud é go ndealraíonn sé go mbraitheann maímh ÖBB ar shubstaint an cháis agus go mbaineann siad léi, ní dhéanfaidh mé measúnú orthu ó thaobh cheart na cosanta de.

([32]) Go sonrach agus mar a thuairiscítear i ranna 3, chuir ČD barúlacha isteach an 16 Eanáir 2023, an 31 Eanáir 2023, an 21 Márta 2023, an 22 Lúnasa 2023, an 12 Deireadh Fómhair 2023, an 16 Samhain 2023, an 29 Samhain 2023, an 27 Feabhra 2023, an 19 Iúil 2024 agus an 26 Iúil 2024, cuid acu arna iarraidh sin don Choimisiún agus cuid eile acu ar a thionscnamh féin.

([33]) Féach, go háirithe, mír 57 agus roinn IX.A.1 den fhreagra a thug ČD ar an ráiteas agóidí.

([34]) Úsáideann ČD na nathanna 'tionchar míchuí' agus 'brú' i ndáil leis sin freisin.

82. Thairis sin, maidir leis na heilimintí ar chuir ČD in iúl gur léiriú ar chomhéigean nó ar thionchar míchuí an Choimisiúin iad i ndáil le hiarratas ÖBB ar thrócaire agus lena ráitis chorparáideacha, feictear dom go bhfuil siad tuairimeach. Go deimhin, maidir le contrárthachtaí a d'fhéadfadh a bheith sna ráitis chorparáideacha, an seicheamh teagmhas a bhaineann lena gcur isteach agus na tagairtí do chásanna éagsúla a bheith á bplé ag cruinnithe idir ÖBB agus an Coimisiún, ní gá gur comharthaí iad sin ar aon chomhéigean nó ar shocrú *quid pro quo* agus ní fhágann siad in aon chás go bhféadfaí teacht ar chonclúid ina leith sin.

### 5.2. **Measúnú neamhchlaonta ar fhianaise**

83. Mhaígh ČD gur sháraigh an Coimisiún prionsabal an dea-riaracháin trí gan measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise i gceart agus go neamhchlaonta, ach le claontacht ionchúisimh ([35]). De réir ČD, bhí an Coimisiún ag brath rómhór agus ar bhealach neamhchriticiúil ar an iarratas ar thrócaire (a mheasann sé a bheith neamhiontaofa, mar a luaitear), agus níor chuir sé san áireamh go leormhaith fíorais agus fianaise a thagann salach ar an iarratas sin agus ar chonclúidí an ráitis agóidí, agus go ndearna sé áibhéil ar fhianaise eile, nó nár thuig sé i gceart í, chun tacú lena líomhaintí. Mhaígh ČD gur cheart don Choimisiún tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh ar an iompar líomhnaithe agus nár chomhlíon sé an caighdeán cruthúnais is gá. Go sonrach, mhaígh ČD gur cheart don Choimisiún tuairimí phríomhphearsanra ÖBB (go háirithe, [...]) a lorg agus a gcroscheistiú a cheadú.

84. Leagtar amach in Airteagal 41 den Chairt an ceart chun dea-riaracháin, faoina bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún gníomhú go neamhchlaonta, go cothrom agus go tráthúil. In imeachtaí riaracháin, ceanglaítear le prionsabal an dea-riaracháin ar an institiúid inniúil scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar ghnéithe ábhartha uile an cháis aonair ([36]). Mar sin féin, tá discréid ag an gCoimisiún maidir le cé acu is iomchuí nó nach iomchuí bearta imscrúdaitheacha breise a ghlacadh ([37]). Mura ndéantar tuilleadh meastóireachta ar argóintí áirithe agus tuilleadh imscrúdaithe dá réir, is é feidhmiú na discréide sin ag an gCoimisiún is féidir a mhíniú. Dá bhrí sin, is faoi na gnóthais atá sé a chruthú nach bhféadfaí conclúidí an Choimisiúin a mhíniú ach amháin dá mbeadh sé claonta agus ní mar gheall ar fheidhmiú dlisteanach a rogha maidir leis an imscrúdú a dhéanamh ([38]). Cuimsítear leis an gceanglas neamhchlaontachta, ar thaobh amháin, neamhchlaontacht shuibiachtúil, a mhéid nach bhféadfaidh aon chomhalta den institiúid lena mbaineann atá freagrach as an ábhar claontacht nó dochar pearsanta a léiriú, agus, ar an taobh eile, neamhchlaontacht oibiachtúil, a mhéid nach mór ráthaíochtaí leordhóthanacha a bheith ann chun go gcuirfear as an áireamh aon amhras dlisteanach maidir le claontacht ar thaobh na hinstitiúide lena mbaineann ([39]). Ina theannta sin, leagtar síos le dlí an Aontais Eorpaigh córas lena gcuirtear ar a cumas do na cúirteanna athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí ón gCoimisiún, lena n-áirítear cinntí a bhaineann le nósanna imeachta faoi Airteagal 101 CFAE, lena soláthraítear na ráthaíochtaí uile a cheanglaítear le hAirteagal 47 den Chairt ([40]).

([35]) Féach, go háirithe, míreanna 11, 12, 59 agus ranna IX.A, IX.B agus X.B.1 den fhreagra a thug ČD ar an ráiteas agóidí. Ar an gcaoi chéanna, i míreanna 17 agus 18 dá aighneacht an 16 Eanáir 2023, tagraíonn ČD don '(...) *chaoi neamhchriticiúil chuspóirbhunaithe gan dícheall ar chaith an Coimisiún leis an imscrúdú...*', mar a léirítear leis na neamhréireachtaí idir an fhianaise agus iarratas ÖBB ar thrócaire agus le '*doiciméid thábhachtacha*' a bheith in easnamh sa chomhad, nár iarr an Coimisiún ar ÖBB d'ainneoin '*iad a bheith luachmhar don imscrúdú de réir dealraimh*'. Athdhearbhaíonn ČD na maímh sin, mar shampla, sna haighneachtaí uaidh an 31 Eanáir 2023 (míreanna 16, 29 agus 30), an 16 Samhain 2023 (míreanna 10 agus 11), an 28 Feabhra 2024 (mír 17), an 19 Iúil 2024 (mír 4) agus an 10 Deireadh Fómhair 2024 (ranna I agus IV).

([36]) Breithiúnas an 2 Feabhra 2022, *Scania agus Eile v An Coimisiún*, T-799/17, ECLI:EU:T:2022:48, mír 146; Breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *HSBC Holdings agus Eile* v *An Coimisiún*, T-105/17, ECLI:EU:T:2019:675, míreanna 285 agus 286; Breithiúnas an 10 Samhain 2017, *Icap agus Eile v An Coimisiún*, T-180/15, ECLI:EU:T:2017:795, mír 271; Breithiúnas an 27 Meán Fómhair 2012, *Shell Petroleum agus Eile v An Coimisiún*, T-343/06, ECLI:EU:T:2012:478, mír 170.

([37]) Féach mar shampla Breithiúnas an 14 Márta 2014, Holcim (Deutschland) *AG* agus Holcim Ltd v An Coimisiún, T-293/11, ECLI:EU:T:2014:127, mír 110 agus an cásdlí a luaitear. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 124.

([38]) Breithiúnas an 2 Feabhra 2022, *Scania agus Eile v An Coimisiún*, T-799/17, ECLI:EU:T:2022:48, mír 154. Léiríonn sé sin an riail ghinearálta i ndlí an Aontais go mbíonn dualgas ar pháirtí a líomhnaíonn fíoras de ghnáth é a chruthú: féach, sa chiall sin, Breithiúnas an 30 Márta 2022, *Latam Airlines Group agus Lan Cargo* v *An Coimisiún*, T-344/17, ECLI:EU:T:2022:185, mír 166 agus an cásdlí a luaitear; agus Ordú an 23 Meán Fómhair 2020, *Deutsche Telekom* v *An Coimisiún*, T-64/20, ECLI:EU:T:2020:481, mír 23 agus an cásdlí a luaitear.

([39]) Féach Breithiúnas an 11 Iúil 2013, *Ziegler* v *An Coimisiún*, C-439/11 P, ECLI:EU:C:2013:513, mír 155 agus an cásdlí a luaitear.

([40]) Féach, de réir analaí, Breithiúnas an 11 Iúil 2013, *Ziegler* v *An Coimisiún*, C-439/11 P, ECLI:EU:C:2013:513, mír 159 agus an cásdlí a luaitear.

85. Thairis sin, is cásdlí bunaithe é gur féidir leis an gCoimisiún a chinneadh maidir le sárú gnóthais a bhunú ar ráitis arna ndéanamh ag gnóthais ionchoirithe eile ([41]). Gnóthais atá ag iarraidh tairbhiú de chur i bhfeidhm an Fhógra Trócaire chun laghdú fíneála a fháil, ní gá go mbeadh dreasacht acu fianaise shaofa a chur isteach. Go deimhin, d'fhéadfadh aon iarracht an Coimisiún a chur ar míthreoir amhras a chaitheamh ar ionracas agus iomláine an chomhair ina dtéann an duine atá ag iarraidh tairbhiú de chur i bhfeidhm an Fhógra Trócaire, agus dá réir sin an seans a bheadh aige tairbhiú go hiomlán de a chur i mbaol ([42]). Ina theannta sin, i gcás ina n-admhóidh duine go ndearna sé sárú agus ina n-admhóidh sé dá réir sin go bhfuil fíorais ann a théann níos faide ná na fíorais a bhféadfaí a bhaint de thátal as an bhfianaise dhoiciméadach go díreach, tugtar le tuiscint, a priori, in éagmais imthosca speisialta dá mhalairt, gur chinn an duine sin an fhírinne a insint. Dá réir sin, ní mór ráitis atá bunoscionn le leasanna an dearbhóra a mheas i bprionsabal a bheith ina bhfianaise an-iontaofa ([43]).

86. D'easaontaigh ČD le measúnú an Choimisiúin agus leis an rogha fianaise ábhartha sa ráiteas agóidí. Ní dhearna ČD aon líomhain shonrach maidir le tásca claontachta ar thaobh an Choimisiúin nó ar thaobh aon cheann dá chomhaltaí ach ba chosúil gur cheap sé gur cuireadh an Coimisiún ar míthreoir. Cé gur áitigh ČD go raibh an Coimisiún ag brath ar bhealach neamhchriticiúil ar iarratas ÖBB ar thrócaire, d'admhaigh sé freisin go ndearna an Coimisiún scrúdú ar fhianaise ábhartha eile. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil cead ag an gCoimisiún brath ar iarratais ar thrócaire, rinne sé a anailís féin freisin sa chás seo ar an bhfianaise atá ar fáil chun teacht ar a chonclúidí. Is ábhar substainteach iad na líomhaintí go raibh na ráitis trócaire mícheart. I gcás ar bith, ní cruthúnas ann féin de mheasúnú claonta é go ndéanann an Coimisiún agóid in aghaidh argóintí gnóthais nó go ndiúltaíonn sé d'argóintí gnóthais ([44]).

87. Mhaígh ČD freisin gur cheart don Choimisiún cead a thabhairt do ČD príomhphearsanra ÖBB a chroscheistiú (go háirithe, [...]). I dteannta an mhéid thuas, tugaim faoi deara i ndáil leis sin nach bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún aon duine a thoghairm ná iallach a chur air teacht i láthair mar fhinné in imeachtaí iomaíochta agus nach ndéanann dlí iomaíochta an Aontais foráil maidir leis an bhféidearthacht go gcroscheisteofaí finnéithe.

### 5.3. **Fad na n-imeachtaí**

88. Mhaígh ČD go raibh imscrúdú an Choimisiúin sa chás seo i bhfad rófhada agus gur bhain sé de chumas ČD é féin a chosaint ([45]). Mhaígh ČD nach raibh fianaise shaorthach ar fáil mar gheall ar fhad na n-imeachtaí, ós rud é go mbaineann na himeachtaí le teagmhais a tharla thart ar 7 go 10 mbliana ó shin agus le pearsanra a d'fhág ČD. Chomh maith leis sin, mhaígh ČD gur cheart aon fhíneáil a laghdú go mór mar gheall ar thréimhse fhada na n-imeachtaí.

([41]) Féach, mar shampla, Breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Nippon Chemi-Con Corporation* v *An Coimisiún*, T-363/18, ECLI:EU:T:2021:638, mír 158; Breithiúnas an 7 Samhain 2019, *Campine agus Campine Recycling v An Coimisiún*, T-240/17, ECLI:EU:T:2019:778, mír 117; Breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Sony Optiarc agus Sony Optiarc America* v *An Coimisiún*, T-763/15, ECLI:EU:T:2019:517, mír 47; Breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2016, *Goldfish agus Eile* v *An Coimisiún*, T-54/14, ECLI:EU:T:2016:455, mír 96 agus an cásdlí a luaitear; agus Breithiúnas an 29 Feabhra 2016, *Schenker v An Coimisiún*, T-265/12, ECLI:EU:T:2016:111, mír 41.

([42]) Féach chuige sin, mar shampla, Breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Sony Optiarc*, T-763/15, ECLI:EU:T:2019:517, mír 48, Breithiúnas an 7 Samhain 2019, *Campine agus Campine Recycling* v *An Coimisiún*, T-240/17, ECLI:EU:T:2019:778, mír 118, Breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Nippon Chemi-Con Corporation* v *An Coimisiún*, T-363/18, ECLI:EU:T:2021:638, mír 159, Breithiúnas an 30 Márta 2022, *Air Canada*, T-326/17, ECLI:EU:T:2022:177, míreanna 426 agus 427.

([43]) Féach, mar shampla, Breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Sony Optiarc*, T-763/15, ECLI:EU:T:2019:517, mír 49, Breithiúnas an 7 Samhain 2019, *Campine agus Campine Recycling* v *An Coimisiún*, T-240/17, ECLI:EU:T:2019:778, mír 119, Breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Nippon Chemi-Con Corporation* v *An Coimisiún*, T-363/18, ECLI:EU:T:2021:638, mír 160.

([44]) Breithiúnas an 16 Bealtaine 2018, *Lufthansa v An Coimisiún*, T-712/16, ECLI:EU:T:2018:269, mír 145.

([45]) Go sonrach, an freagra a thug ČD ar an ráiteas agóidí; míreanna 61 agus 67 agus ranna IX.D.2 agus XI.C.7, aighneacht ČD an 28 Feabhra 2024, mír 27(v) agus ríomhphost ČD an 14 Iúil 2023, an 4ú mír de roinn II.

89. Is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é comhlíonadh an cheanglais ama réasúnta maidir le nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le beartas iomaíochta a dhéanamh agus athdhearbhaíodh le hAirteagal 41(2) den Chairt é ([46]). Ní mór réasúntacht fhad na n-imeachtaí a mheas i bhfianaise na n-imthosca a bhaineann go sonrach le gach cás agus, go háirithe, a chomhthéacs, iompar na bpáirtithe le linn an nós imeachta, a bhfuil i gceist do na gnóthais éagsúla lena mbaineann agus a chasta atá sé ([47]). Mura ngníomhaítear laistigh de thréimhse réasúnta ama, is féidir gur foras é chun neamhniú a dhéanamh ar chinneadh lena gcinntear sáruithe, ar choinníoll gur suíodh go ndearna an sárú ar an bprionsabal sin dochar do chearta na cosanta ([48]). Sárú den sórt sin ar phrionsabal an ama réasúnta, má shuitear é a bheith ann, ní féidir an fhíneáil arna gearradh a laghdú dá thoradh ([49]). Leis na Treoirlínte maidir le Fíneálacha, ní dhéantar foráil maidir le hoibleagáid a chur ar an gCoimisiún fíneáil a laghdú i gcás ina raibh an nós imeachta neamhréasúnta fada, ([50]) ach d'fhéadfadh an Coimisiún, agus a dhiscréid i ndáil le socrú fíneálacha á feidhmiú aige, laghdú den sórt sin a dhéanamh ([51]). Féadfaidh páirtithe a ndearnadh dochar dóibh de dheasca fhad iomarcach na n-imeachtaí caingean um dhamáistí a thionscnamh ([52]).

90. A mhéid a bhaineann le réasúntacht fhad na n-imeachtaí agus iompar an iarratasóra, ba cheart a thabhairt faoi deara gur iarr ČD go gcuirfí síntí móra ama leis an sprioc-am roinnt uaireanta le linn an nós imeachta, mar shampla, a mhéid a bhaineann lena fhreagra ar an ráiteas agóidí agus le cur isteach barúlacha maidir le faisnéis a bhfuil rochtain nua uirthi ([53]) agus d'iarr sé ar an Oifigeach Éisteachta roinnt uaireanta ceisteanna a bhaineann le rúndacht agus rochtain ar an gcomhad a réiteach ([54]). Chomh maith leis sin, ag tús an cháis, rinne an Coimisiún agus na Páirtithe plé agus é d'aidhm acu teacht ar réiteach, rud ba cheart a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar réasúntacht fhad na n-imeachtaí ([55]). Ba mhaith liom a chur san áireamh freisin go raibh an cinneadh cigireachta tosaigh sa chás seo, a glacadh in 2016, faoi réir caingean um neamhniú arna thionscnamh ag ČD, rud a réitigh an Chúirt Bhreithiúnais ar deireadh i mí Eanáir 2020, agus gur ghlac an t-imscrúdú céim chinntitheach chun cinn tar éis an iarratais ar thrócaire i mí an Mhárta 2019. Ní fhéadfadh sé nárbh eol do ČD gur ghá go gcuirfeadh na himthosca sin, lena n-áirítear iompar na bpáirtithe le linn an nós imeachta riaracháin, moill ar an imscrúdú ([56]). Tríd is tríd, cé go raibh na himeachtaí réasúnta fada sa chás seo, is cosúil nár fhan an Coimisiún neamhghníomhach tráth ar bith le linn an imscrúdaithe. Ar an iomlán, is é mo thuairim nár sáraíodh prionsabal an ama réasúnta.

91. Thairis sin agus in aon chás, ba cheart do ČD bearta iomchuí a dhéanamh chun an fhianaise sin a bheadh ar fáil go réasúnta dó a chaomhnú, go háirithe nuair a tháinig sé ar an eolas faoi na chéad bhearta imscrúdaitheacha ([57]). I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh ČD ar an eolas faoi ábhar an imscrúdaithe i mí an Mheithimh 2016 ar a dhéanaí tráth a rinne an Coimisiún a chinneadh cigireachta, ([58]) i.e. thart ar 5 mhí tar éis dheireadh thréimhse an tsáraithe líomhnaithe.

([46]) Breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, T-8/16, ECLI:EU:T:2019:522, míreanna 467 agus 468 agus an cásdlí a luaitear; deimhnithe le Breithiúnas an 6 Meitheamh 2022, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, C-700/19 P, mír 176. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 104.

([47]) Breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, T-8/16, ECLI:EU:T:2019:522, mír 469 agus an cásdlí a luaitear; deimhnithe le Breithiúnas an 6 Meitheamh 2022, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, C-700/19 P, mír 176. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 105.

([48]) Breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, T-8/16, ECLI:EU:T:2019:522, mír 470 agus an cásdlí a luaitear; deimhnithe le Breithiúnas an 6 Meitheamh 2022, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, C-700/19 P, mír 176. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 108.

([49]) Breithiúnas an 12 Iúil 2019, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, T-8/16, ECLI:EU:T:2019:522, mír 472 agus an cásdlí a luaitear; deimhnithe le Breithiúnas an 6 Meitheamh 2022, *Toshiba Samsung Technology Corp. agus eile v. An Coimisiún*, C-700/19 P, mír 176; Breithiúnas an 11 Iúil 2019, *Italmobiliare SpA v An Coimisiún*, T-523/15, ECLI:EU:T:2019:499, mír 157.

([50]) Breithiúnas an 11 Iúil 2019, *Italmobiliare SpA v An Coimisiún*, T-523/15, ECLI:EU:T:2019:499, mír 156.

([51]) Breithiúnas an 11 Iúil 2019, *Italmobiliare SpA v An Coimisiún*, T-523/15, ECLI:EU:T:2019:499, mír 156; Breithiúnais an 19 Márta 2003, *CMA CGM agus eile v An Coimisiún*, T-213/00, ECLI:EU:T:2003:76, mír 325.

([52]) Breithiúnas an 11 Iúil 2019, *Italmobiliare SpA v An Coimisiún*, T-523/15, ECLI:EU:T:2019:499, mír 156. Féach freisin sa líne sin Breithiúnas an 8 Bealtaine 2014, *Bolloré v. An Coimisiún*, C-414/12 P, ECLI:EU:C:2014:301, mír 106.

([53]) Féach míreanna 18, 21, 23, 31, 36 agus 38.

([54]) Féach míreanna 16, 27, 29 agus 47.

([55]) Féach mír 6.

([56]) Féach Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 114.

([57]) Breithiúnas an 28 Eanáir 2021, *Qualcomm, Inc. agus Qualcomm Europe, Inc. v An Coimisiún*, C-466/19 P, AE: C:2021:76, mír 114. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 118.

([58]) Féach mír 4.

92. A mhéid nach bhféachtar le maíomh ČD ach laghdú a fháil ar an bhfíneáil atá le gearradh air, bunaithe ar fhad iomarcach na n-imeachtaí, níl aon oibleagáid ar an gCoimisiún laghdú den sórt sin a dhéanamh, mar a mhínítear thuas i mír 89. Féadfaidh an Coimisiún déanamh amhlaidh, áfach, agus a dhiscréid á feidhmiú aige agus i bhfianaise na n-imthosca a bhaineann go sonrach le gach cás.

## 5.4. **Miontuairiscí**

### 5.4.1. *Maímh ČD*

93. Mhaígh ČD ina fhreagra ar an ráiteas agóidí nach bhfuil taifid sách mionsonraithe ar chruinnithe sa chomhad, ar cosúil go ndearnadh iad i ndáil leis an gcás seo ([59]). Ar an gcéad dul síos, mhaígh ČD nach dtugann miontuairiscí na gcruinnithe idir ÖBB agus an Coimisiún atá sa chomhad ([60]) ach srac-chuntas ar an méid a pléadh. Ina theannta sin, mhaígh ČD go bhféadfadh sé go raibh cruinnithe idir an Coimisiún agus ÖBB (nó páirtithe eile) nach ndearnadh miontuairiscí ná taifead ar bith orthu, amhail an plé idir príomhoifigeach feidhmiúcháin ÖBB agus an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager an 19 Nollaig 2018 ([61]). D'agair ČD cásdlí *Google Android*, *Qualcomm* agus *Intel* i ndáil leis sin ([62]).

94. I bhfianaise na maíomh sin, mhol mé don Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht a fhíorú an raibh miontuairiscí, taifeadtaí nó aon ábhar ann a bhaineann leis an gcruinniú idir príomhoifigeach feidhmiúcháin ÖBB agus an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager an 19 Nollaig 2018, agus an raibh cruinnithe nó malartuithe ó bhéal eile ann le ÖBB nó le tríú páirtithe seachas iad siúd a bhfuil faisnéis inrochtana ann ina leith.

95. Mar thoradh ar na fíoruithe sin, sholáthair an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht miontuairiscí do ČD an 25 Iúil 2023 ón gcruinniú idir Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ÖBB an 19 Nollaig 2018 (in éineacht leis an gcur i láthair a rinneadh ag an gcruinniú sin), miontuairiscí an ghlao idir an fhoireann cásanna agus ÖBB an 22 Márta 2021; agus miontuairiscí an ghlao idir an fhoireann cásanna agus [....] an 19 Meitheamh 2017 (na 'miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua ag ČD'). Ina theannta sin, an 22 Nollaig 2023, sholáthair an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht miontuairiscí do ÖBB ón gcruinniú idir Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ČD an 23 Aibreán 2019 (na 'miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua ag ÖBB' in éineacht leis na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua ag ČD, is iad sin na 'miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua'). Na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua, ullmhaíodh iad de bhun na hiarrata ó ČD, ar bhonn doiciméid inmheánacha chomhaimseartha a bhí ar fáil i dtaifid na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht, agus cuireadh ar fáil ansin iad lena bhformheas ag na gnóthais lena mbaineann.

96. I gcomhthéacs ullmhú na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua ag ÖBB, inar iarradh ar ČD barúil a thabhairt ar na dréacht-mhiontuairiscí a bhí á n-ullmhú, chuir ČD na barúlacha seo a leanas faoi bhráid na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht an 14 Iúil 2023. Mhaígh ČD '*nach bhfuil sé in ann a chinneadh i gceart cad go díreach a pléadh ag an gcruinniú tar éis tréimhse chomh fada sin agus, dá bhrí sin, nach féidir leis, ar chúiseanna oibiachtúla, na dréacht-mhiontuairiscí a fuarthas ón gCoimisiún a athbhreithniú, a fhorlíonadh agus/nó a dheimhniú go leormhaith*' ([63]). Mhaígh ČD go bhféadfadh sé barúil a thabhairt ar roinnt gnéithe de na dréacht-mhiontuairiscí '*i bhfianaise na dtaifead atá ann cheana*' ach nach bhféadfadh sé barúil a thabhairt ar roinnt gnéithe eile. Mhaígh ČD, maidir le ceanglas an chásdlí go ndéantar gach teagmháil a dhoiciméadú go cuí, '*nach féidir é a chomhlíonadh trí "mhiontuairiscí" ex-post ar na teagmhálacha (cruinnithe) a chruthú i ndiaidh tréimhse chomh fada sin*'. Chomh maith leis sin, mhaígh ČD '*gur dócha nach é an cruinniú a bhfuil aghaidh á tabhairt faoi láthair air an t-aon chruinniú nár thaifead an Coimisiún i gceart*' agus luaigh sé i ndáil leis sin an cruinniú idir Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ÖBB an 19 Nollaig 2018 mar aon le dhá ghlao idir ČD agus an Coimisiún ([64]).

---

([59]) Freagra ČD ar an ráiteas agóidí, míreanna 938 go 940.

([60]) […]. I ndáil leis sin, an aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, fonóta 2.

([61]) Féach [...] i ndáil leis an bplé idir príomhoifigeach feidhmiúcháin ÖBB agus an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager an 19 Nollaig 2018. Féach mír 940 den fhreagra a thug ČD ar an ráiteas agóidí ('*Iarrann ČD (...) go gcuirfidh an Coimisiún ČD ar an eolas faoi aon phlé (lena n-áirítear cruinnithe idir páirtithe atá i láthair go pearsanta, glaonna comhdhála nó aon phlé eile) idir an Coimisiún agus aon pháirtí i ndáil leis an gcás seo agus, dá réir sin, go soláthróidh an Coimisiún taifid sách mionsonraithe do ČD ar na pléití sin...*').

([62]) Breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2022, *Google Android*, T-604/18, ECLI:EU:T:2022:541 ('*Google Android*'), Breithiúnas an 15 Meitheamh 2022, *Qualcomm*, T-235/18, ECLI:EU:T:2022:358 ('*Qualcomm*'), agus Breithiúnas an 6 Meán Fómhair 2017, *Intel*, C-413/14 P, ECLI:EU:C:2017:632 ('*Intel*').

([63]) Ríomhphost ČD an 14 Iúil 2023, roinn II. D'athdhearbhaigh ČD na maímh sin le ríomhphost dar dáta an 14 Nollaig 2023.

([64]) Ríomhphost ČD an 14 Iúil 2023, roinn II.

97. An 22 Lúnasa 2023, chuir ČD barúlacha isteach maidir leis an rochtain a tugadh ar na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua ag ČD. Chuir ČD ina aghaidh '*gur cruthaíodh na miontuairiscí sin ex post facto, blianta fada tar éis na dteagmhálacha faoi seach*' agus '*nach bhfuil an gníomh sin oiriúnach chun na hearráidí a chuireann na himeachtaí* ó bhail a cheartú' ([65]). Mhaígh ČD, ar an gcaoi chéanna leis na miontuairiscí eile sa chomhad, nach dtugann siad ach '*srac-chuntas*' ar na malartuithe de shárú ar an gcásdlí is infheidhme ([66]). Chomh maith leis sin, mhaígh ČD go dtagraíonn miontuairiscí an ghlao idir an fhoireann cásanna agus ÖBB an 22 Márta 2021 do chruinniú eile le ÖBB, a tionóladh an 16 Márta 2021, nach bhfuil miontuairiscí ar bith air sa chomhad ([67]). Thairis sin, mhaígh ČD maidir le miontuairiscí an chruinnithe idir Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ÖBB an 19 Nollaig 2018 '*nach soláthraíonn siad ach tagairt an-ghinearálta éadomhain d'imscrúduithe iomadúla*' gan aon '*taifead soiléir*' ar na cásanna a thuairiscítear i dteachtaireacht ríomhphoist leantach maidir leis an gcruinniú sin ([68]). Mhaígh ČD, dá réir sin, nach dtugtar sna miontuairiscí '*cuntas fíor, beacht agus mionsonraithe ar na malartuithe atá i gceist*' ([69]). Ar deireadh, chuir ČD ina aghaidh go raibh na miontuairiscí á gcur ar fáil '*ag céim dhéanach de na himeachtaí*' tar éis a fhreagra ar an ráiteas agóidí a chur isteach agus tar éis na héisteachta ó bhéal agus sular réitíodh an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022, gan '*aon fhaisnéis fhiúntach maidir le cuspóir an nochta reatha*' ná ráiteas agóidí forlíontach ná litir fíoras ([70]).

98. An 10 Deireadh Fómhair 2024, d'athdhearbhaigh ČD ina litir chuig an Oifigeach Éisteachta an líomhain nár taifeadadh cruinnithe ([71]).

### 5.4.2. *Cásdlí maidir le hagallaimh a thaifeadadh de bhun Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003*

99. De réir chásdlí Chúirteanna an Aontais Eorpaigh, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún taifead a dhéanamh, i bhfoirm dá rogha féin, ar aon agallamh a dhéanann sé, faoi Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003, chun faisnéis a bhaineann le hábhar imscrúdaithe a bhailiú ([72]).

100. Chuir an Chúirt Bhreithiúnais i dtábhacht 'go bhfuil sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór idirdhealú a dhéanamh ar bhonn ábhar na n-agallamh a dhéanann an Coimisiún, agus nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 1/2003 ach iad siúd atá ag iarraidh faisnéis a bhailiú maidir le hábhar imscrúdaithe de chuid an Choimisiúin agus, dá bhrí sin, an oibleagáid taifead a dhéanamh' ([73]). Measfar gur 'agallaimh' iad cruinnithe agus glaonna le soláthraithe faisnéise tríú páirtí a chomhlíonann an coinníoll sin de réir bhrí Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003.

101. A mhéid a bhaineann leis an oibleagáid taifead a dhéanamh, chinn Cúirteanna an Aontais go comhsheasmhach 'nach leormhaith don Choimisiún achoimre ghearr a dhéanamh ar na hábhair ar tugadh aghaidh orthu le linn an agallaimh', ach 'nach mór don Choimisiún a bheith in ann léiriú a thabhairt ar ábhar an phlé a rinneadh le linn an agallaimh, go háirithe cineál na faisnéise a cuireadh ar fáil le linn an agallaimh maidir leis na hábhair ar tugadh aghaidh orthu' ([74]).

([65]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, réamhrá, leathanach 2.
([66]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, mír 2.
([67]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, mír 3.
([68]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, mír 3.
([69]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, mír 4.
([70]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, roinn II. Déantar measúnú ar na hargóintí sin i roinn 5.5, ar argóintí iad a rinne ČD ar bhealach ginearálta freisin maidir le rochtain ar an gcomhad (ní hamháin i leith na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua).
([71]) Litir ČD chuig an Oifigeach Éisteachta an 10 Deireadh Fómhair 2024, roinn V.
([72]) *Intel*, mír 91; féach freisin *Qualcomm*, mír 190, *Google Android*, mír 912; agus Breithiúnas an 25 Deireadh Fómhair 2023, *Bulgarian Energy Holding agus Eile* v *An Coimisiún*, T-136/19, ECLI:EU:T:2023:669 ('*Bulgargaz*'), mír 1157.
([73]) Breithiúnas an 9 Márta 2023, *Intermarché Casino Achats* v *An Coimisiún*, C-693/20 P, ECLI:EU:C:2023:172, mír 106; Breithiúnas an 9 Márta 2023, *Les Mousquetaires agus ITM Entreprises* v *An Coimisiún*, C-682/20 P, ECLI:EU:C:2023:170, mír 90; agus Breithiúnas an 9 Márta 2023, *Casino, Guichard-Perrachon agus Achats Merchandises Casino* v *An Coimisiún*, C-690/20 P, ECLI:EU:C:2023:171, mír 86. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 181.
([74]) *Qualcomm*, mír 190; féach freisin *Intel*, mír 92, *Google Android*, mír 912, agus *Bulgargaz*, mír 1160. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 177.

102. A mhéid a bhaineann leis na tátail atá le baint as earráidí nós imeachta i ndáil le taifid ar agallaimh de réir bhrí Airteagal 19, shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta in *Qualcomm, Google Android* agus breithiúnas a thug an chúirt le déanaí an 18 Meán Fómhair 2024 gur gá a shuí, i bhfianaise imthosca sonracha fíorasacha agus dlíthiúla gach cáis, ar léirigh an gnóthas go leormhaith 'go mbeadh sé níos fearr in ann a chosaint a áirithiú mura mbeadh aon earráid nós imeachta ann' ([75]). Mura léirítear é sin, ní féidir aon sárú ar chearta cosanta a shuí ([76]).

103. De réir na Cúirte Ginearálta, 'léireofaí [sárú den sórt sin] i gcás nach bhféadfaí ábhar na fianaise neamhnochta a chinneadh ná nach mbeadh ábhar na fianaise inchinntithe', ós rud é sa chás sin 'ní féidir coinne a bheith leis go mbeidh an gnóthas in ann an dualgas dodhéanta a chomhlíonadh maidir le hábhar an doiciméid sin a chruthú' ([77]).

104. Ar an taobh eile, 'i gcás inar féidir ábhar na fianaise ar cuireadh srian ar rochtain uirthi a chinneadh a posteriori, ní féidir an gnóthas a scaoileadh ón ualach a bhaineann lena chruthú nach raibh rochtain aige ar an bhfianaise ionchoiritheach nó shaorthach agus maidir le míniú a thabhairt ar na tátail atá le baint as sin maidir lena chearta cosanta a fheidhmiú. Is amhlaidh atá i gcás inar féidir leis an ngnóthas, ar a laghad, léiriú a thabhairt ar údair agus ar chineál agus ábhar na ndoiciméad a coinníodh siar uaidh.' ([78])

105. Shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta freisin, i gcás fianaise *inchoiritheach* neamhnochta, nach mór don ghealltanas a thaispeáint 'go mbeadh toradh difriúil ar an nós imeachta, ag glacadh leis gur nochtadh an fhianaise inchoiritheach sin'; cé, i gcás fianaise *shaorthach* neamhnochta, nach mór don ghnóthas lena mbaineann 'a shuí go mbeadh sé in ann an fhianaise sin a úsáid chun í a chosaint, sa chiall, dá mbeadh sé in ann brath uirthi le linn an nós imeachta riaracháin, go mbeadh sé in ann fianaise a agairt nach raibh comhsheasmhach leis na tátail a rinne an Coimisiún ag an gcéim sin agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh tionchar a bheith aige, ar aon bhealach, ar na measúnuithe a rinne an Coimisiún ina chinneadh' ([79]).

106. Ar an mbonn sin, is éard atá sa 'tástáil', ar an gcéad dul síos, measúnú ar chomhlíontacht an Choimisiúin maidir lena dhualgas taifead a dhéanamh d'aon agallamh a rinne sé, faoi Airteagal 19, chun faisnéis a bhaineann le hábhar imscrúdaithe a bhailiú; agus ar an dara dul síos, dá dtarlódh neamhrialtacht nós imeachta, measúnú cás ar chás ar cé acu, i bhfianaise na n-imthosca fíorasacha agus dlíthiúla a bhaineann go sonrach leis an gcás, a léirigh nó nár léirigh an gnóthas go leormhaith go mbeadh sé in ann é féin a chosaint níos fearr mura mbeadh aon neamhrialtacht ann.

5.4.3. *Measúnú*

107. Tugaim faoi deara, i ndáil leis an oibleagáid taifead a dhéanamh ar agallaimh, nár chuir ČD aon iarraidh ná gearán faoi mo bhráid, bíodh sin faoi Airteagal 7 de Chinneadh Uimh. 2011/695/AE nó ar bhealach eile, go dtí go bhfuarthas a litir an 10 Deireadh Fómhair 2024. Ar aon chaoi, tá an tOifigeach Éisteachta i gceannas ar sheiceáil a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceart cosanta ag na nósanna imeachta arna seoladh ag an gCoimisiún in ábhair iomaíochta. De bhun Airteagal 16(1) agus Airteagal 17(1) de Chinneadh 2011/695/AE, ullmhaíonn sé/sí tuarascáil chríochnaitheach maidir le cearta nós imeachta a urramú go héifeachtach ag aon chéim de na himeachtaí, tuarascáil a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin in éineacht leis an dréachtchinneadh. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Oifigeach Éisteachta neamhaird a thabhairt ar ghearán amhail an gearán atá idir lámha, i gcás ina líomhnaíonn páirtí nach gcomhlíonann na miontuairiscí arna soláthar ag an gCoimisiún ceanglais Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003, mar a léirmhínítear leis an gcásdlí. Go deimhin, agus na pointí seo á n-ardú, líomhnaíonn ČD gur sáraíodh a chearta cosanta.

([75]) *Qualcomm*, mír 202, agus *Google Android*, mír 935. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, míreanna 179 agus 189.

([76]) *Google Android*, mír 934.

([77]) *Google Android*, mír 935.

([78]) *Google Android*, mír 936. Féach, sa chiall chéanna, *Intel*, mír 96: 'a mhéid a d'áitigh Intel gur chuir [an soláthraí faisnéise] fianaise shaorthach ar fáil don Choimisiún ar cheart don Choimisiún í a thaifeadadh agus a nochtadh i gceart do Intel, ní mór a mheabhrú, a mhéid a bhaineann le mainneachtain doiciméad saorthach a nochtadh, gur faoin ngnóthas lena mbaineann atá sé a shuíomh go raibh an neamhnochtadh in ann tionchar a imirt, chun a aimhleasa, ar chúrsa an nós imeachta agus ar ábhar chinneadh an Choimisiúin'.

([79]) *Google Android*, míreanna 937 agus 938. Féach, sa chiall chéanna, *Intel*, mír 97. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, míreanna 191 agus 192.

(a) *An mbaineann na miontuairiscí idir lámha le cruinnithe a cháilíonn mar 'agallaimh' faoi Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003*

108. A mhéid a bhaineann leis an dualgas taifead a dhéanamh ar agallaimh agus mar a mheabhraítear i roinn 5.4.2, níl feidhm ag an oibleagáid agallaimh a thaifeadadh faoi Airteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 1/2003 ach amháin maidir le hagallaimh ina bhféachann an Coimisiún le 'faisnéis a bhailiú a bhaineann le hábhar imscrúdaithe de chuid an Choimisiúin' ([80]).

109. Dá bhrí sin, is léir nach gcomhlíonann gach malartú idir an Coimisiún agus idirghabhálaithe seachtracha na critéir sin.

110. Go sonrach, i mo thuairimse, malartuithe ar ghnéithe nós imeachta nó foirmiúla nach mbaineann le substaint cáis (amhail, mar shampla, cruinnithe nach ndéileálann ach le maímh rúndachta) níor cheart a mheas gur agallaimh iad de réir bhrí Airteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 1/2003. Ní dhéantar na malartuithe sin chun faisnéis a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí a bhailiú; ní thugann siad faisnéis a d'fhéadfadh feidhmiú mar 'chomharthaí' nó mar 'fhianaise' a d'fhéadfadh bonn eolais a chur faoi mheasúnú substainteach an cháis. Is é an dara cineál faisnéise sin nach mór a thaifeadadh i miontuairiscí cuí, ionas gur féidir í a chur ar fáil do na gnóthais atá faoi réir imeachtaí iomaíochta agus a chur ar a gcumas iad féin a chosaint go hiomlán maidir leis an bhfaisnéis sin.

111. Thairis sin, ní mór baint a bheith ag na hagallaimh atá i gceist le 'hábhar na n-imeachtaí'. De réir an chásdlí bhunaithe, tá sé 'inghlactha fianaise a eisiamh ón nós imeachta riaracháin nach bhfuil aon bhaint aici leis na líomhaintí fíorais agus dlí sa ráiteas agóidí agus nach bhfuil aon bhaint aici leis an imscrúdú dá bhrí sin' ([81]). Tá feidhm aige sin freisin maidir le cruinnithe nach mbaineann substaint an phlé iontu le hábhar an imscrúdaithe ([82]).

112. Ina fhianaise sin, tá athbhreithniú déanta agam ar an liosta de mhalartuithe ó bhéal a sholáthair an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht dom, agus breithním nach dtagann na malartuithe a luaitear ann faoi raon feidhme Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003. Go deimhin, tagraíonn na malartuithe sin de ghnáth do (i) rúndacht doiciméad áirithe nó do rochtain orthu, (ii) do bheartas cumarsáide an Choimisiúin agus don nuacht atá le foilsiú i ndáil leis na himeachtaí, (iii) d'fhaisnéis agus soiléirithe atá á lorg ag na páirtithe ón gCoimisiún, mar shampla maidir lena iarrataí ar fhaisnéis agus leis an nós imeachta um thrócaire, (iv) do ghnéithe eagraíochtúla, mar shampla tarscaoiltí teanga agus cumhachtaí aturnae a dheonú agus (v) d'fhaisnéis nach mbaineann le hábhar an imscrúdaithe.

113. A mhéid a bhaineann le maíomh ČD go dtagraítear sna miontuairiscí den ghlao idir an fhoireann cásanna agus ÖBB an 22 Márta 2021 ar a bhfuil rochtain nua ag ČD do chruinniú eile le ÖBB, a tionóladh an 16 Márta 2021, nach bhfuil miontuairiscí ar bith air sa chomhad, tugaim faoi deara go gcomhfhreagraíonn cruinniú sin an 16 Márta 2021 do chruinniú socraíochta idir an Coimisiún agus ÖBB, mar a luaitear freisin i miontuairiscí an 22 Márta 2021 ar a bhfuil rochtain nua ag ČD. Ní mór don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar na miontuairiscí sin agus ní féidir iad a úsáid mar fhianaise i gcás ina nglacfaidh an Coimisiún ráiteas agóidí nach bhformhuiníonn aighneachtaí na bpáirtithe, de bhun phointí 27 agus 29 den Fhógra Socraíochta, mar a tharla sna himeachtaí seo. Chomh maith leis sin, tagraíonn ČD ina litir an 10 Deireadh Fómhair 2024 do chruinniú idir a bhainistíocht agus an Coimisinéir atá i gceannas ar iomaíocht, a tionóladh i mí Mheán Fómhair 2020 agus a bhféadfadh sé nár taifeadadh é. Chuir mé ceist ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht faoin gcruinniú sin agus tugadh miontuairiscí inmheánacha an chruinnithe sin dom, a chomhfhreagraíonn do ghlao a tionóladh an 21 Meán Fómhair 2020. Léirítear sna miontuairiscí inmheánacha gur thagair an cruinniú go príomha, a mhéid a bhaineann leis an gcás seo, don fhéidearthacht go socrófaí é ([83]).

([80]) Féach an mhír 100 thuas.

([81]) Breithiúnais an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus Eile* v *An Coimisiún*, C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, ECLI:EU:C:2004:6, mír 126; agus an 16 Meitheamh 2011, *FMC Foret* v *an Coimisiún*, T-191/06, ECLI:EU:T:2011:277, mír 306. Féach freisin *Bulgargaz*, mír 1171.

([82]) In *Google Android*, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid freisin nár sáraíodh cearta cosanta Google leis na hearráidí nós imeachta maidir le taifeadtaí de dhá chruinniú, ós rud é go raibh 'easpa aon naisc fhollasaigh idir na hagallaimh sin agus na mí-úsáidí a líomhnaítear sa chinneadh atá faoi chonspóid' (féach *Google Android*, míreanna 951 go 953).

([83]) Féach mír 131 agus, go háirithe, Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 179.

114. Dá bhrí sin, breithním nach bhfuil aon mhalartú ann seachas na malartuithe a chumhdaítear leis na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua a cháileodh mar agallaimh de réir bhrí Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003.

(b) *An bhfuil neamhrialtacht nós imeachta ann a mhéid a bhaineann le miontuairiscí glaonna agus cruinnithe ar dócha go dtagann siad faoi Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003*

115. Maidir leis na miontuairiscí sa chomhad nach bhfuil sásúil de réir ČD ([...] agus na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua), is cosúil, i mo thuairimse, gur bhain na cruinnithe nó na glaonna foluiteacha (go páirteach ar a laghad) le plé a bhain le hábhar na n-imeachtaí, agus go bhféadfadh sé gur bhailigh an Coimisiún, i roinnt de na teagmhálacha sin, faisnéis ón soláthraí faisnéise a thagann faoi raon feidhme na n-imeachtaí ([84]).

116. I ndáil leis na miontuairiscí sin, is gá, dá bhrí sin, anailís a dhéanamh ar mhaímh ČD nach dtugann siad ach '*srac-chuntas*' agus go bhfágann sin nach bhfuil siad ina dtaifid chuí ar agallaimh; agus gur go déanach a taifeadadh sa chomhad agus a roinneadh iad leis an soláthraí faisnéise lena bhformheas.

117. Maidir leis an argóint nach dtugann na miontuairiscí ach srac-chuntas agus go bhfágann sin nach bhfuil siad ina dtaifid chruinne ar an bplé a rinneadh, tugaim faoi deara go ndealraíonn sé go bhfuil na miontuairiscí is ábhar do [...] agus na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua sonrach go leordhóthanach chun léiriú a thabhairt ar 'ábhar an phlé' agus go háirithe ar 'chineál na faisnéise a soláthraíodh le linn an agallaimh maidir leis na hábhair ar díríodh orthu', agus go bhféadfaí a bhreithniú go bhfuil siad ina dtaifead cruinn ar na hagallaimh a rinneadh. Go sonrach, cé go bhféadfadh an tuairisc a thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht ar an bhfaisnéis sna cruinnithe sin a bheith sách gonta, is féidir ábhar an phlé a shainaithint sna miontuairiscí agus níl dada ann a thugann le fios go bhféadfadh sé gur sholáthair na páirtithe faisnéis eile seachas an fhaisnéis a luaitear sna miontuairiscí.

118. Ar deireadh, ní mór breithniú a dhéanamh ar argóint ČD, ar dá réir nár ullmhaigh an Coimisiún na miontuairiscí ábhartha tráth na gcruinnithe ábhartha nó go gairid ina dhiaidh sin, as a n-eascraíonn amhras maidir lena gcruinneas.

119. Meabhraím gur shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais an léirmhíniú ar Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003 den chéad uair in 2017, nuair a tugadh breithiúnas *Intel*. Ina dhiaidh sin, in 2022, thug an Chúirt Ghinearálta in *Google Android* soiléiriú breise maidir le hábharthacht miontuairiscí a tháirgeadh nó a fhormheas go tráthúil. Chinn an Chúirt Ghinearálta go measfaí go raibh nótaí sciobtha áirithe de chruinnithe, arna dtarraingt suas roinnt blianta tar éis na gcruinnithe, 'ródhéanach agus rósciobtha le bheith in ann taifead agallaimh a chomhdhéanamh sa chiall a fhorordaítear le hAirteagal 19(1) de Rialachán Uimh. 1/2003'; agus shonraigh sí go mbeadh sé 'úsáideach agus iomchuí [amach anseo] taifead gach agallaimh [...] a dhéanamh nó a fhormheas tráth a thionólfar an t-agallamh sin nó go gairid ina dhiaidh' ([85]). Sa bhreithiúnas uaithi le déanaí an 18 Meán Fómhair 2024 i gcás a bhaineann le *Qualcomm*, shoiléirigh an Chúirt Ghinearálta nach sáraítear cearta na cosanta trí rochtain dhéanach a thabhairt ar nótaí cruinnithe ([86]).

120. I ndáil leis sin, tugaim faoi deara gur ullmhaíodh na miontuairiscí a chomhfhreagraíonn do [...] tráth na gcruinnithe ábhartha agus, i gcás na miontuairiscí faoi [...], go ndearna an gnóthas lena mbaineann iad a fhormheas an tráth sin ([87]). A mhéid a bhaineann leis na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua, tuigim ón Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht nár tugadh chun críche i gcomhaimsir leis na cruinnithe nó na glaonna iad ach go raibh moill orthu, cé go ndearna oifigigh de chuid na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht a bhí i láthair ag na cruinnithe nó na glaonna ar bhonn nótaí comhaimseartha iad.

([84]) Tugaim faoi deara, áfach, go mbaineann cuid de na miontuairiscí sin le cruinnithe inarb í an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht agus ní na páirtithe a sholáthair roinnt faisnéise, agus gur de chineál ginearálta í an fhaisnéis, go háirithe, [...]. Dá bhrí sin, tá amhras ann go mbaineann [...] le malartuithe a thagann faoi raon feidhme Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003.

([85]) Féach *Google Android*, míreanna 932 agus 933.

([86]) Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, míreanna 182 go 185.

([87]) Féach fonóta 84 a mhéid a bhaineann le [...].

121. Ar an gcaoi chéanna le cás *Google Android*, is é fírinne an scéil go ndearnadh na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua a tharraingt suas i bhfad tar éis an chruinnithe i gceist, agus in dhá chás roinnt blianta ina dhiaidh ([88]). Níl an cásdlí soiléir maidir le cé acu is leormhaith nó nach leormhaith ullmhú déanach na miontuairiscí ann féin chun teacht ar an gconclúid nach féidir leis na miontuairiscí a bheith ina dtaifid bhailí ar na hagallaimh bhunúsacha. Mar a luadh thuas, mar shampla, níor tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid sa chiall sin ach amháin i ndáil le miontuairiscí a bhí 'ró-mhall' agus 'ródhéanach' araon chun taifid chuí ar agallaimh a dhéanamh ([89]).

122. Ní gá an cheist sin a chinneadh anseo, óir, fiú dá mbreithneofaí nár tugadh ach srac-chuntas leis na miontuairiscí atá faoi bhreithniú agus/nó go raibh siad ródhéanach agus go bhfágann sin nach taifid chuí ar agallaimh iad, ní thiocfadh as sin ach an chonclúid go ndearna an Coimisiún neamhrialtacht nós imeachta trí gan an oibleagáid taifead a dhéanamh ar an agallamh faoi Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003 a chomhlíonadh go hiomlán. Ba ghá fós a chinneadh ar léirigh ČD go leormhaith go mbeadh sé in ann a chosaint a áirithiú níos fearr in éagmais na n-earráidí nós imeachta sin.

(c) *An raibh sárú ar chearta cosanta ČD mar thoradh ar na neamhrialtachtaí nós imeachta*

123. Mar a leagtar amach thuas, chun sárú ar chearta cosanta gnóthais a shuí, ní mór a léiriú ní hamháin nár taifeadadh i gceart agallamh a thagann de réir bhrí Airteagal 19 de Rialachán Uimh. 1/2003, ach freisin gur chuir an mhainneachtain sin isteach ar chumas an pháirtí é féin a chosaint. Go ginearálta, is faoin ngnóthas atá faoi imscrúdú atá sé a chruthú nach raibh rochtain aige ar fhianaise inchoiritheach nó shaorthach agus míniú a thabhairt ar na tátail atá le baint as sin maidir le feidhmiú a cheart cosanta (féach míreanna 102go106 thuas) ([90]).

124. I gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar mhaímh den sórt sin, ghlac an Chúirt Ghinearálta leis, i gcásanna áirithe, tar éis measúnú aonair a dhéanamh, go bhféadfaí le doiciméid eile sa chomhad a raibh rochtain ag an ngnóthas lena mbaineann orthu go mbeadh na páirtithe in ann a fháil amach cad a pléadh le linn agallaimh, in éagmais miontuairiscí iomchuí. B'amhlaidh an cás, go háirithe, in *Google Android*, inar mheas an Chúirt Ghinearálta, maidir le formhór na n-agallamh nach bhfuair Google ach nótaí sciobtha ina leith (nach bhféadfadh a bheith ina dtaifead ar agallamh), mar sin féin 'léiríodh go hiomlán an t-ábhar a pléadh le linn an agallaimh sin' i ndoiciméid shonracha sa chomhad, ar admhaigh Google [...] go raibh rochtain aige orthu' ([91]). Shonraigh an Chúirt Ghinearálta, dá bhrí sin, go raibh Google 'in ann faisnéis a fháil ón gCoimisiún maidir le substaint an mhéid a pléadh le linn na n-agallamh sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le cineál na faisnéise a cuireadh ar fáil ar na hócáidí sin faoi na hábhair a pléadh' ([92]).

125. Tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid chéanna i leith nótaí áirithe nach raibh 'aon tagairt [...] d'aon doiciméad sa chomhad' iontu, mar 'ach mar sin féin bhí Google in ann é a chur i gcomhthéacs na faisnéise a soláthraíodh i ndáil le dhá agallamh eile a rinneadh leis an ngnóthas céanna [...] ar an ábhar céanna'. Sa dá agallamh eile, ar 'fhormheas an gnóthas lena mbaineann na miontuairiscí', rinneadh tagairt do 'dhoiciméid atá sa chomhad imscrúdaithe lena léirítear ábhar an mhéid a pléadh ar na hócáidí sin'. Dá bhrí sin, tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid go raibh Google 'ar an eolas faoi thuairimí an ghnóthais sin i gcomhthéacs an imscrúdaithe' ([93]).

([88]) *Google Android*, mír 928.
([89]) *Google Android*, mír 932.
([90]) Ní dhéantar eisceacht fhéideartha ón riail sin ach amháin i gcás 'nach bhféadfar ábhar na fianaise neamhnochta a chinneadh ná a chinneadh', mar a mheabhraítear thuas (féach mír 103thuas agus an cásdlí a luaitear).
([91]) *Google Android*, mír 944.
([92]) *Google Android*, mír 945. Féach freisin *Intel*, mír 99, inar mheas an Chúirt Bhreithiúnais, i measc na dtosca a thug uirthi teacht ar an gconclúid nár sáraíodh cearta cosanta Intel in ainneoin nár thaifead an Coimisiún agallamh i gceart le Dell, 'gur tugadh [...] doiciméad leantach do Intel ina raibh freagraí scríofa Dell ar na ceisteanna ó bhéal a cuireadh ar [Dell] le linn an agallaimh sin'.
([93]) *Google Android*, mír 949.

126. I bhfianaise an chásdlí sin, ní mór a thabhairt faoi deara go raibh rochtain ag ČD ar dhoiciméid fhorlíontacha lena léirítear an t-ábhar a pléadh ag na cruinnithe faoi bhreithniú, arb iad is ábhar do na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua ag ČD, nó go raibh sé ar an eolas ar bhealach eile faoi fhaisnéis a ligfeadh dó na cruinnithe a chur i gcomhthéacs. Go sonrach:

— maidir leis an gcruinniú idir Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ÖBB an 19 Nollaig 2018, áirítear i miontuairiscí an chruinnithe sin an cur i láthair PowerPoint a rinne ÖBB an tráth sin. Thairis sin, is léir nach raibh baint ag formhór an chruinnithe le raon feidhme na n-imeachtaí seo agus gur thagair sé ina ionad sin do bhreithnithe ginearálta maidir le margadh iompair iarnróid na hOstaire. Pléadh ag an gcruinniú sin status quo an cháis agus na n-imscrúduithe seo chomh maith leis na féidearthachtaí comhair. Ós rud é gur tionóladh cruinniú teicniúil i ndiaidh an chruinnithe sin an 15 Eanáir 2019 a bhfuil miontuairiscí comhaimseartha ann ina leith, tá ČD in ann an fhaisnéis a chur i gcomhthéacs agus a hábhar a thuiscint.

— maidir leis an nglao idir an fhoireann cásanna agus ÖBB an 22 Márta 2021, ba cheart a thabhairt faoi deara gur 2 bhliain tar éis an chruinnithe sin seachas roinnt blianta ina dhiaidh a ullmhaíodh agus a taifeadadh miontuairiscí an ghlao sin a raibh rochtain nua ag ČD orthu. Thairis sin, is léir ó na miontuairiscí go ndearnadh an glao faoi chuimsiú an nós imeachta socraíochta agus gur obair leantach a bhí ann i ndáil le cruinniú socraíochta le ÖBB, rud a d'fhéadfadh an glao a chur i gcomhthéacs agus a thugann le tuiscint gur cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt ar aon fhianaise a bailíodh, de bhun phointí 27 agus 29 den Fhógra Socraíochta. Thairis sin, léirítear sna miontuairiscí gurb é ÖBB a d'iarr an cruinniú chun faisnéis a fháil maidir leis an nós imeachta socraíochta, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis na fíneálacha a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an gcineál sin imeachtaí, agus nárbh é an Coimisiún a d'iarr an cruinniú chun faisnéis a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí a bhailiú;

— maidir leis an nglao idir an fhoireann cásanna agus [....] an 19 Meitheamh 2017, is léir gurbh é ba chuspóir don ghlao soiléiriú a dhéanamh do [...] maidir le roinnt ceisteanna a bhaineann le hiarraidh ar fhaisnéis a bhí díreach faighte ag an gcuideachta sin. Sa chomhthéacs sin, pléadh freisin ról agus feidhmeanna [....] maidir le vaigíní a dhíol. In aon chás, tar éis an ghlao sin thug [....] freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis, ([94]) rud a léireodh na gnéithe a pléadh ag an nglao sin. Dá réir sin, bhí ČD in ann an fhaisnéis a chur i gcomhthéacs agus a hábhar a thuiscint trí bhíthin na n-aighneachtaí i scríbhinn a rinne [....] ina dhiaidh sin mar fhreagra ar an iarraidh ar fhaisnéis. Dála na miontuairiscí eile ar a bhfuil rochtain nua, tá inneachar na miontuairiscí sin bunaithe ar thaifid chomhaimseartha a rinne an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht i nótaí inmheánacha.

127. Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh ČD in ann barúil a thabhairt, ina bharúlacha dar dáta an 22 Lúnasa 2023, ar na miontuairiscí a bhfuil rochtain nua ag ČD orthu agus go gcaitheann sé roinn III de na barúlacha sin á mhaíomh go dtacaíonn na miontuairiscí lena chosaint. Deimhnítear leis sin go raibh ČD in ann a thuairimí a chur i láthair maidir le haon fhianaise shaorthach a mhalartófaí, b'fhéidir, sna cruinnithe sin.

128. Ina theannta sin, agus in aon chás, níor shuigh ČD, in éagmais earráidí nós imeachta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na Miontuairiscí Nua a Rinneadh Inrochtana, gurbh fhearr a bheadh sé in ann a chosaint a áirithiú. Go bunúsach, i ndáil le gach ceann de na miontuairiscí a mheasann sé a bheith neamhleor, mhaígh ČD i dtéarmaí cineálacha, '*nach dtugann siad cuntas fíor, beacht agus mionsonraithe ar na malartuithe atá i gceist*' ([95]). I ndáil leis na miontuairiscí atá i gceist, mhaígh sé dá réir sin nárbh fhéidir le ČD a chinneadh go cinnte cé na saincheisteanna nó an fhaisnéis a pléadh mar gheall ar an easpa miontuairiscí mionsonraithe.

129. Mar sin féin, níor thug ČD gnéithe chun cinn chun a léiriú nach raibh rochtain aige ar fhianaise inchoiritheach (agus 'go bhféadfadh toradh an nós imeachta a bheith difriúil, ag glacadh leis gur nochtadh an fhianaise inchoiritheach sin'), ná nach raibh rochtain aige ar fhianaise shaorthach a mbeadh sé in ann í a agairt agus '*a bhféadfadh tionchar a bheith aici, ar aon bhealach, ar na measúnuithe a rinne an Coimisiún ina chinneadh*' ([96]).

([94]) […].

([95]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, mír 4.

([96]) Féach *Google Android*, míreanna 937 agus 938. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v. An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, míreanna 192 go 195.

130. Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann le miontuairiscí an chruinnithe idir Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Vestager agus príomhoifigeach feidhmiúcháin ČD an 23 Aibreán 2019, níor mhaígh ÖBB, ná níor léirigh sé fiú, go mbeadh sé in ann a chosaint a áirithiú níos fearr murach go raibh earráidí féideartha nós imeachta ann maidir leis na miontuairiscí ar a bhfuil rochtain nua. I bhfianaise inneachar na miontuairiscí sin (a thagraíonn den chuid is mó do ghnéithe nós imeachta an cháis) agus chomhthéacs an chruinnithe (ar ina dhiaidh a tionóladh cruinniú teicniúil an 23 Bealtaine 2019 ar a bhfuil miontuairiscí a comhaontaíodh le ČD), ní fheicim aon chúis shoiléir go maífeadh.

131. A mhéid a bhaineann leis an easpa miontuairiscí i dtaobh glaonna idir ČD agus an Coimisiún, fiú dá mba agallaimh a bheadh sna glaonna sin, ní féidir le ČD a mhaíomh nach raibh sé ar an eolas faoina n-inneachar agus faoi na hábhair a pléadh leis an gCoimisiún ([97]). Dá bhrí sin, is maith mar a bhí ČD in ann úsáid a bhaint as aon fhianaise shaorthach a thiocfadh chun cinn le linn na dteagmhálacha sin sa chaoi go mbeadh sé in ann a chosaint a áirithiú níos fearr ([98]). Ina theannta sin, i gcás den sórt sin, d'fhéadfadh coinne a bheith leis go ndéanfadh ČD an réamhchúram achoimre ar an teagmháil i gceist a sheoladh chuig an gCoimisiún é féin, chun taifead i scríbhinn a fhágáil ar aon fhianaise shaorthach a bheadh sa chomhad ([99]).

132. Dá bhrí sin, fiú dá mbeadh aon earráid nós imeachta ann i leith thaifid agallamh mar a rinne ČD gearán fúthu, breithním nach é an toradh a bheadh orthu, in imthosca an cháis seo, sárú ar chearta cosanta na bpáirtithe.

## 5.5. **Rochtain ar an gcomhad**

### 5.5.1. *Maímh ČD de bhun Airteagal 7 de Chinneadh 2011/695/AE agus an cinneadh a glacadh*

133. Mar a luaitear i mír 16, an 15 Lúnasa 2022, fuair an tOifigeach Éisteachta an chéad iarraidh ó ČD ar thuilleadh rochtana ar an gcomhad — is é sin, an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022. Tháinig an iarraidh sin tar éis iarraidh ar thuilleadh rochtana a rinne ČD roimhe sin ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht an 29 Iúil 2022, ar dhiúltaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht di ina hiomláine an 9 Lúnasa 2022.

134. De dhroim na hIarrata a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022, rinneadh raon leathan gearán maidir leis an méid rochtana a deonaíodh ar an gcomhad sna himeachtaí sin agus maidir le bealaí a deonaithe. Tá siad sin i bhfoirm ábhar imní ginearálta a dhéanann difear don chomhad ina iomláine, agus tugtar léiriú ansin orthu trí thagairt a dhéanamh do dhoiciméid áirithe a bhí dorochtana go míchuí nó a ndearnadh folú iomarcach iontu, de réir ČD. I measc na saincheisteanna ar leith a tharraing ČD anuas tá, mar shampla, easpa rochtana ar fhianaise a d'fhéadfadh a bheith saorthach; folú míchuí faisnéise nach faisnéis rúnda a thuilleadh í mar gheall ar imeacht ama; folú míchuí sonraí pearsanta; doiciméid áirithe a aicmiú go míchuí mar dhoiciméid inmheánacha nó neamh-inrochtana, amhail comhfhreagras trócaire nó comhfhreagras ina bpléitear folaithe rúndachta; bunús lag le maímh rúndachta; drocheagar an chomhaid (a líomhnaítear go gcuireann sé teorainn lena inúsáidteacht); agus an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht a bheith ag glacadh cur chuige níos boige i leith soláthraithe faisnéise eile ná i leith ČD agus í ag déileáil lena maímh rúndachta faoi seach.

135. De thoradh na hidirghabhála a rinne mé os comhair na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht agus na soláthraithe faisnéise, fuair ČD rochtain ar deireadh ar leaganacha nach raibh chomh folaithe sin nó ar leaganacha a raibh rochtain iomlán orthu de 22 dhoiciméad ([100]), an 23 agus an 25 Samhain 2022, de dhá dhoiciméad ([101]) an 20 Meán Fómhair 2023, agus de 33 dhoiciméad ([102]) an 18 Deireadh Fómhair 2023, lena gcumhdaítear, go háirithe, faisnéis maidir le luach eacnamaíoch vaigíní agus na praghsanna a thairgtear i bpróisis díolacháin (cé is moite d'fhigiúirí dímheasa agus figiúirí luacha de réir na leabhar), nósanna imeachta díolacháin vaigíní inmheánacha ÖBB agus ainmneacha agus poist na ndaoine aonair a luaitear i ndoiciméid ÖBB ([103]).

([97]) Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún* T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 179.
([98]) Idem.
([99]) Idem.
([100]) […].
([101]) […].
([102]) i.e. ainmneacha (lena n-áirítear seoltaí ríomhphoist) agus poist na ndaoine aonair a luaitear sna doiciméid seo a leanas: [….].
([103]) A mhéid a bhaineann leis na sonraí pearsanta sin, rinne ÖBB agóid an 11 Iúil 2023 in aghaidh a nochta do ČD agus tharchuir sé a agóidí chuig an Oifigeach Éisteachta, de bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh 2011/695/AE. Dhiúltaigh an tOifigeach Éisteachta don agóid sin i gcinneadh a glacadh an 21 Meán Fómhair 2023, i.e. an Cinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB.

136. Maidir lena raibh fágtha den Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 25 Lúnasa 2022, tugadh aghaidh air leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023 mar a leanas.

137. Meabhraíodh leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023, chun go gcomhlíonfaidh an tOifigeach Éisteachta a fheidhm faoi Airteagal 7 de Chinneadh 2011/695/AE, nach mór an fhaisnéis uile a bhfuil tuilleadh rochtana á lorg uirthi a shainaithint go soiléir in aon iarraidh agus réasúnú leordhóthanach a sholáthar ([104]). Dá bhrí sin, leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023, tugadh neamhaird ar mhaímh a rinneadh san achoimre maidir le doiciméid neamhshonraithe sa chomhad, nár sholáthair ČD an uimhir aitheantais doiciméid ('ID') lena n-aghaidh ar thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht dóibh. Leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023, rinneadh measúnú, i gcás gach doiciméid shainaitheanta, ar mhaímh ČD agus, go háirithe, ar cé acu a bhí nó nach raibh gá le tuilleadh rochtana chun go bhfeidhmeodh ČD a cheart éisteachta i gceart. Más faoi rún a bhí an fhaisnéis a bhfuil tuilleadh rochtana á lorg uirthi, iarradh ar an Oifigeach Éisteachta cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le cosaint na faisnéise rúnda sin agus an ceanglas maidir le feidhmiú cuí an chirt éisteachta. Cuireadh san áireamh sa mheasúnú sin, go háirithe, leibhéal íogaireachta na faisnéise agus a úsáidí a bheadh an rochtain incriminteach a bhí á lorg chun go bhfeidhmeodh ČD a cheart éisteachta go cuí, i bhfianaise na n-agóidí a rinneadh sa ráiteas agóidí. Áiríodh torthaí an mheasúnaithe sin i ndáil le gach doiciméad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023.

138. A mhéid a bhaineann leis na doiciméid a chumhdaítear leis an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 25 Lúnasa 2022 agus a comhdaíodh faoi chatagóirí doiciméad neamh-inrochtana 2.7.5 ('*Rochtain ar an gComhad, Comhfhreagras le Páirtithe agus Úinéirí Doiciméad maidir le Rúndacht agus Rochtain*') agus 2.2.6 ('*Trócaire, Comhfhreagras le Páirtithe*'), d'fhíoraigh mé gur comhdaíodh na doiciméid i gceart agus nach raibh aon fhaisnéis iontu ba ghá chun go bhfeidhmeodh ČD a cheart éisteachta i gceart. Úsáidtear catagóir 2.7.5 chun malartuithe le soláthraithe faisnéise a chomhdú, ar malartuithe iad maidir le cineál rúnda féideartha na faisnéise a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin. Níl aon luach cruthúnais bunúsach ag na doiciméid faoin gcatagóir sin agus ní bhíonn rochtain orthu go ginearálta sa chaoi go gcosnófar rúndacht fhéideartha na faisnéise atá á plé agus go n-áiritheofar éifeachtúlacht na n-imeachtaí. Úsáideann an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht catagóir 2.2.6 chun go gcomhdófar comhfhreagras de chineál eagraíochtúil amháin atá i gceangal leis an bpróiseas iarratais ar thrócaire, amhail socruithe lóistíochta chun a áirithiú go dtarchuirfear faisnéis íogair agus go dtabharfar ráitis ó bhéal ar aird go sábháilte, ach nach bhfuil faisnéis shubstainteach ann féin maidir le hábhar an imscrúdaithe. Rinneadh rochtain ar ráitis trócaire ÖBB agus ar dhoiciméid áirithe eile a bhaineann leis an nós imeachta um thrócaire a dheonú do ČD roimhe seo an 16 agus an 19 Aibreán 2021. Mhaígh ČD, sa chás seo, gur cheart na teachtaireachtaí éagsúla idir an Coimisiún agus ÖBB a bhaineann le hiarratas ÖBB ar thrócaire a chur ar fáil go ginearálta do ČD toisc go bhféadfaidís ligean do ČD agóid a dhéanamh in aghaidh luach cruthúnais iarratas ÖBB ar thrócaire ([105]). Go sonrach, mhaígh ČD gur imir an Coimisiún tionchar míchuí ar iarratas ÖBB ar thrócaire sa chás seo agus bhí sé ag lorg tuilleadh rochtana ar aon fhaisnéis a chomhthacódh leis an gcúiseamh sin. Leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023, suíodh go raibh cuma thuairimeach ar na heilimintí a ndúirt ČD gur léirigh siad go raibh tionchar míchuí ag an gCoimisiún ar iarratas ÖBB ar thrócaire agus ar a ráitis chorparáideacha (féach ranna 5.1 agus 5.2).

139. Mar a luaitear i mír 29 thuas, an 28 Feabhra 2024, fuair an tOifigeach Éisteachta iarraidh nua ó ČD ag lorg tuilleadh rochtana ar an gcomhad, de bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2011/695/AE, i.e. Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024. Sula ndearnadh an iarraidh sin, d'iarr ČD ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht an 25 Deireadh Fómhair 2023 rochtain a thabhairt dó ar an gCinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB agus ar '*... dhoiciméid eile nár nochtadh fós a cuireadh i gcomhad an Choimisiúin tar éis eisiúint an ráitis agóidí 10 Meitheamh 2022 (más ann dóibh)*'. An 10 Eanáir 2024, mar fhreagra ar an iarraidh sin, sholáthair an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht doiciméad amháin ([...]) do ČD agus dhiúltaigh sí don chuid eile den iarraidh.

([104]) Tá sé sin i gcomhréir leis an gceanglas níos ginearálta nach mór téarmaí sách beacht a úsáid agus iarraidh á déanamh ar an gCoimisiún, chun a chur ar a chumas don Choimisiún a thuairimí a chur in iúl go héifeachtach. Féach, de réir analaí, Breithiúnas an 5 Deireadh Fómhair 2020 in *Les Mousquetaires agus ITM Entreprises v An Coimisiún*, T-255/17, ECLI:EU:T:2020:460, míreanna 37 agus 47; agus Breithiúnas an 14 Samhain 2012 in *Nexans France agus Nexans v An Coimisiún*, T-135/09, ECLI:EU:T:2012:596, mír 130.

([105]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 25 Lúnasa 2022, mír 65.

140. San Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, d'áitigh ČD, ar an gcéad dul síos, gur '*dhiúltaigh an Coimisiún den chuid is mó*' na doiciméid a cuireadh isteach sa chomhad tar éis ghlacadh an ráitis agóidí a nochtadh do ČD trí dhiúltú rochtain a thabhairt do ČD ar an gCinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB agus ar aon doiciméad a cuireadh sa chomhad tar éis eisiúint an ráitis agóidí ('doiciméid iar-ráitis agóidí') seachas [...] ([106]). Mhaígh ČD nach faoin gCoimisiún (lena n-áirítear an tOifigeach Éisteachta) a bhí sé measúnú a dhéanamh cé acu cinn de na doiciméid atá de chineál saorthach agus, dá bhrí sin, gur cheart faisnéis neamh-inrochtana a bheith chomh teoranta agus ab fhéidir.

141. Ar an dara dul síos, mhaígh ČD gur cheart 'rochtain uasta' a thabhairt dó ar an gcomhad, lena n-áirítear '*an fhaisnéis uile a d'fhéadfadh sé a úsáid chun é féin a chosaint (i.e., aon doiciméad agus gach doiciméad agus píosa faisnéise eile a d'fhéadfadh a bheith de chineál saorthach, sa bhrí is leithne is féidir den téarma sin, nó a rachadh chun tairbhe do chosaint ČD ar bhealach eile sna himeachtaí)*' ([107]). Mhaígh ČD, in éagmais faisnéise maidir le cé acu doiciméid a cuireadh sa chomhad, nárbh fhéidir leis gach píosa faisnéise a d'fhéadfadh sé a iarraidh a shainaithint ná nárbh fhéidir leis a mhíniú cén fáth a mbeadh gá aige leis agus, dá bhrí sin, mhínigh sé an cineál faisnéise a iarradh agus na cúiseanna lena nochtadh ([108]).

142. Ar deireadh, mhínigh ČD go gcumhdaítear leis an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024 '*ar an gcéad dul síos, doiciméid a cruthaíodh nó a tháinig i seilbh an Choimisiúin ar bhealach eile tar éis ghlacadh an ráitis agóidí*'. Ina theannta sin, d'iarr ČD freisin go dtabharfaí rochtain dó ar an bhfaisnéis neamhnochta ab ábhar don Chinneadh a rinne an tOifigeach Éisteachta de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023 agus d'iarr sé ar an Oifigeach Éisteachta '*athmhachnamh a dhéanamh*' ar an gcinneadh sin ([109]). Ba leis an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhthéacs an Chinnidh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023 agus le '*forbairtí eile a tharla sna himeachtaí tar éis na hIarrata Réasúnaithe i mí Lúnasa 2022*' a thug ČD údar leis an iarraidh sin go ndéanfaí '*athmhachnamh*' ar an gcinneadh sin.

143. Mar fhreagra ar an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024 agus arna iarraidh sin dom, chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht doiciméid agus faisnéis a bhaineann le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB ar fáil do ČD an 10 Meitheamh 2024 ([110]). Ar idirghabháil dom, ghlac ÖBB leis go scoirfeadh sé dá mhaímh rúndachta i leith na ndoiciméid sin nó go laghdódh sé raon feidhme na maíomh sin. Ina theannta sin, an 11 Meitheamh 2024, thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht rochtain do ČD ar an leagan neamhrúnda de na hIarscríbhinní a ghabhann leis an bhfreagra a thug ÖBB ar an ráiteas agóidí.

144. De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh 2011/695/AE, aon saincheist maidir le feidhmiú éifeachtach chearta nós imeachta na bpáirtithe lena mbaineann, ba cheart do na daoine sin í a tharraingt anuas ar dtús leis an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht sula dtarchuirfear chuig an Oifigeach Éisteachta í. Dá réir sin, leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024, tugadh aghaidh ar an dá mhaíomh a tharraing ČD anuas den chéad uair leis an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, is iad sin, go dtabharfaí rochtain dó ar (i) an gCinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB agus ar (ii) '*... dhoiciméid eile nár nochtadh fós a cuireadh i gcomhad an Choimisiúin tar éis eisiúint an ráitis agóidí an 10 Meitheamh 2022 (más ann dóibh)*' ([111]). Ina theannta sin, cé gur cheart a bhreithniú go bhfuil maímh ČD (seachas an dá éileamh sin) neamh-inghlactha agus cé gur dhiúltaigh an tOifigeach Éisteachta dóibh ar an mbonn sin, rinneadh measúnú ar a n-iomláine freisin leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024.

145. Le hAirteagal 7 de Chinneadh an 12 Iúil 2024, diúltaíodh d'éileamh ČD ar rochtain ar an gCinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB, ar na cúiseanna seo a leanas.

([106]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, míreanna 3 go 5.
([107]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, mír 6.
([108]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, míreanna 7 agus 9 go 16, e.g. faisnéis maidir le luacháil inmheánach vaigíní ÖBB.
([109]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, roinn IV (Conclúid) ar leathanach 10.
([110]) […]. Comhfhreagraíonn na doiciméid dóibh siúd a shainaithnítear in Airteagal 7 de Chinneadh an 1 Nollaig 2023 mar dhoiciméid ina n-áirítear faisnéis maidir le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB.
([111]) Féach mír 23. An 10 Eanáir 2024, sholáthair an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht doiciméad amháin ([...]) do ČD agus dhiúltaigh sí don chuid eile den iarraidh ó ČD.

146. Ar an gcéad dul síos, níl sé beartaithe an Cinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB a sheachadadh chuig ČD ná níl sé beartaithe go mbeadh aon éifeacht dhlíthiúil aige i leith ČD ná i leith aon pháirtí seachas ÖBB. Ar an dara dul síos, leis an gCinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB, pléitear na maímh rúndachta a rinne ÖBB agus na hargóintí i bhfabhar faisnéis áirithe ÖBB a nochtadh. Cuireadh an fhaisnéis féin, a bpléitear a rúndacht sa Chinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB, ar fáil do ČD. Is í an fhaisnéis sin amháin atá ina 'fianaise a bhaineann leis na líomhaintí' in aghaidh ČD, atá ábhartha chun go bhfeidhmeoidh ČD a cheart éisteachta. Ar an tríú dul síos, ós rud é go dtagraítear sa Chinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB do rúndacht agus nochtadh féideartha i gcomhthéacs rochtain ar fhaisnéis áirithe ÖBB sa chomhad, tá a inneachar comhchosúil lena bhfuil i ndoiciméid a chomhdaítear faoi chatagóir *2.7.5* de chomhad an Choimisiúin *('Rochtain ar an gComhad, Comhfhreagras le Páirtithe agus Úinéirí Doiciméad maidir le Rúndacht agus Rochtain')*. Mar a luaitear i mír 138, níl aon luach cruthúnais bunúsach ag na doiciméid sin agus ní bhíonn rochtain orthu go ginearálta sa chaoi go gcosnófar rúndacht fhéideartha na faisnéise atá á plé agus go n-áiritheofar éifeachtúlacht na n-imeachtaí. Ar an gceathrú dul síos, an Cinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB, is doiciméad é a cuireadh sa chomhad tar éis fógra a thabhairt faoin ráiteas agóidí. An Cinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB, níl dada ann ina fhianaise, bíodh sí ionchoiritheach nó saorthach, a bhaineann le hábhar an imscrúdaithe.

147. A mhéid a bhaineann leis an iarraidh a rinne ČD ar rochtain ar dhoiciméid iar-ráitis agóidí, is faoin gCoimisiún atá sé measúnú tosaigh a dhéanamh ar chineál saorthach féideartha na faisnéise ([112]). Ní fhéadfaidh na hiarratasóirí brath ar an gcásdlí chun an argóint a dhéanamh nach faoin gCoimisiún amháin, a thugann fógra faoi aon agóid agus a ghlacann an cinneadh lena ngearrtar pionós, atá sé a chinneadh cé na doiciméid a úsáidfear chun an gnóthas lena mbaineann a chosaint. Ní féidir an argóint sin, a bhaineann le doiciméid laistigh den chomhad arna dtiomsú ag an gCoimisiún, a chur i bhfeidhm maidir leis na doiciméid a áirítear sa chomhad tar éis fógra a thabhairt faoin ráiteas agóidí ([113]).

148. Chun measúnú a dhéanamh ar an Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024 i ndáil le doiciméid iar-ráitis agóidí (seachas an Cinneadh de bhun Airteagal 8 a díríodh ar ÖBB), rinne an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar líon, cineál agus inneachar na ndoiciméad sin, agus d'fhíoraigh sé an mbeadh fianaise inchoiritheach nó shaorthach iontu. Léiríodh leis an scrúdú sin go raibh rochtain ag ČD ar roinnt doiciméad iar-ráitis agóidí (e.g. freagraí na bpáirtithe ar an ráiteas agóidí agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo) ([114]) nó go raibh ČD ar an eolas fúthu (i.e. doiciméid de thionscnamh ČD). Bhain doiciméid eile le catagóir doiciméad neamh-inrochtana (i.e. doiciméid inmheánacha de chuid an Choimisiúin agus comhfhreagras leis na húdaráis iomaíochta náisiúnta, agus malartuithe maidir le rúndacht) agus níl an chuid eile de na doiciméid iar-ráitis agóidí (i.e. malartuithe maidir le hullmhú miontuairiscí cruinnithe a cuireadh ar fáil do ČD, agus malartuithe i ndáil le gnéithe nós imeachta amhail eagrú na héisteachta ó bhéal agus rannpháirtíocht inti, fógra a thabhairt do na páirtithe faoin ráiteas agóidí agus ionadaíocht na bpáirtithe sa nós imeachta ([115])), ag féachaint dá gcineál agus dá n-inneachar, oiriúnach chun fianaise ionchoiritheach nó shaorthach a áireamh iontu agus, go sonrach, níl fianaise iontu maidir leis na cineálacha faisnéise a shainaithin ČD mar a shonraítear i mír 141.

149. A mhéid a bhaineann leis an iarraidh go soláthrófaí liosta de na doiciméid iar-ráitis agóidí sa chomhad, suíodh leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024 nach raibh údar léi agus diúltaíodh di ar na cúiseanna seo a leanas. Ní raibh aon oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún agus níorbh é cleachtas na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht liosta áirimh de dhoiciméid a áiríodh sa cháschomhad tar éis an ráitis agóidí a sholáthar do sheolaithe an ráitis agóidí. Le fiosrúcháin ina leith sin a rinneadh leis an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, deimhníodh nach raibh aon liosta áirimh de dhoiciméid iar-ráitis agóidí sa chomhad. Liosta den sórt sin a bheith in easnamh, ní fhágann sé go gcuirtear cosc ar ČD iarraidh ar thuilleadh rochtana a dhéanamh leis an Oifigeach Éisteachta de bhun Airteagal 7(1) de Chinneadh 2011/695/AE, agus go deimhin níor chuir sé cosc ar an ngnóthas sin na hiarrataí sin a dhéanamh sa chás seo.

([112]) Breithiúnas an 12 Iúil 2018, *Brugg Kabel AG agus eile v An Coimisiún*, T-441/14, ECLI:EU:T:2018:453, mír 72, Breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Nippon Chemi-Con Corporation v An Coimisiún*, T-363/18, ECLI:EU:T:2021:638, míreanna 114 go 116.

([113]) Féach, chuige sin, Breithiúnas an 12 Iúil 2018, *Brugg Kabel AG agus eile v An Coimisiún*, T-441/14, ECLI:EU:T:2018:453, mír 73, Breithiúnas an 27 Meán Fómhair 2012; *Shell Petroleum NV agus Eile v An Coimisiún*, T-343/06, ECLI:EU:T:2012:478, mír 89.

([114]) [...] (freagra ar an ráiteas agóidí), [...] (tuairim i scríbhinn ó RegioJet), [...] (barúlacha ó RegioJet maidir leis an bhfaisnéis a bhaineann le cineál agus ábhar an nós imeachta), agus [...] (barúlacha ÖBB maidir le haighneacht ČD an 31 Eanáir 2023). Ina theannta sin, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024, nochtar doiciméid áirithe a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a d'áirigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht sa chomhad chun an tuairisc ar na gnóthais a luaitear sa ráiteas agóidí a thabhairt cothrom le dáta.

([115]) e.g. cumhacht aturnae, athrú ar ionadaí dlíthiúil sa nós imeachta.

150. A mhéid a bhaineann leis an iarraidh a rinne ČD go ndéanfaí athmhachnamh ar an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023, aithníodh sa Chinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024 gur réamhchinntí iad cinntí lena ndiúltaítear rochtain a thabhairt ar an gcomhad agus, go háirithe, cinntí de bhun Airteagal 7 de Chinneadh 2011/695/AE, agus go bhféadfar iad a cheartú trí rochtain a dheonú ar an bhfaisnéis lena mbaineann sula nglacfar an cinneadh críochnaitheach sa chás. Mar sin féin, ní de thoradh réamhchinneadh den sórt sin é go bhféadfaidh páirtí an iarraidh chéanna a athdhearbhú agus a iarraidh go ndéanfaí athscrúdú uirthi, nó gur cheart don Oifigeach Éisteachta athmheasúnú córasach a dhéanamh ar chinntí a rinneadh roimhe sin arna iarraidh sin, tráth ar bith, agus in éagmais aon fhoras tromchúiseach. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann, áfach, ina mbeadh údar ag an Oifigeach Éisteachta le hathmhachnamh a dhéanamh ar chinneadh a rinneadh roimhe sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina dtabharfaidh an gnóthas a bhfuil tuilleadh rochtana á lorg aige eilimintí móra nua isteach a athróidh na himthosca agus na coinníollacha lenar rialaíodh glacadh an chinnidh tosaigh. Thángthas ar an gconclúid sa Chinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024 nár tharraing ČD aon eilimint nó saincheist nua den sórt sin anuas leis an Oifigeach Éisteachta a d'fhéadfadh bunús a thabhairt le hathrú ábhartha ar na himthosca agus na coinníollacha lenar rialaíodh glacadh an chinnidh tosaigh, maidir le doiciméid nach raibh rochtain orthu fós ([116]).

151. Chomh maith leis sin, tugadh faoi deara sa Chinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024 nár shainaithin ČD go sonrach san Iarraidh a rinne sé de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024 aon cheann de na doiciméid ar ina leith a iarrann sé go ndéanfar athbhreithniú ar an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023. Níl maíomh ČD ('... *níl ČD in ann gach píosa faisnéise a d'iarrfadh sé ón gComhad a shainaithint go hiomlán (gan trácht ar a shainaithint ar bhealach an-sonrach)*...') ceart a mhéid a bhaineann le doiciméid a áiríodh sa chomhad sular glacadh an ráitis agóidí agus, go háirithe, a mhéid a bhaineann leis na doiciméid a chumhdaítear leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023. Soláthraíodh liosta áirimh de na doiciméid sin do ČD agus, dá bhrí sin, bhí sé in ann iad a shainaithint ar bhealach sonrach. Dá réir sin, leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024, diúltaíodh d'iarraidh ČD go ndéanfaí '*athmhachnamh*' ar an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023 ina iomláine, gan a shainaithint cé na doiciméid shonracha lena mbaineann agus cé na cúiseanna le himeacht ón gcinneadh sin i ndáil le doiciméid shonracha.

152. A mhéid a bhaineann le maíomh ČD gur deonaíodh tuilleadh rochtana ar fhaisnéis áirithe dó i gcomhthéacs na hIarrata a rinne sé de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022 agus gur '*soiléiríodh*' leis an rochtain sin '*luach na ndoiciméad (neamhnochta) do chosaint ČD*' i ndáil le faisnéis áirithe, mar shampla faisnéis maidir le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB ([117]) agus rialacha soláthair ÖBB maidir le vaigíní a cheannach, ([118]) tugaim faoi deara gur thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht tuilleadh rochtana do ČD ar fhaisnéis maidir le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB an 11 Meitheamh 2024. Maidir leis na rialacha soláthair a bhaineann le ceannach vaigíní, agus an ról soláthair a d'fhéadfadh a bheith ag duine a bhfuil baint aige le díolacháin (agus le ceannacháin dá réir sin), níor thug ČD bunús leis sin a bheith ina léiriú go bhfuil na rialacha soláthair sin infheidhme maidir le díolacháin freisin (in ionad ceannachán), mar a mhaígh ČD, agus ba chosúil dá bhrí sin gur tuairimíocht a bhí i maíomh ČD. I dteannta luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB agus rialacha soláthair ÖBB, mhaígh ČD gur cheart '... *(cineálacha) eile doiciméad agus faisnéise*' a bhaineann leis na catagóirí a luaitear i mír 141 a chur ar fáil do ČD. Mar sin féin, a mhéid a bhaineann leis na doiciméid agus leis an bhfaisnéis sin, ní hamháin nár shainaithin ČD cé na doiciméid dá dtagraíonn sé, ach níor agair sé ach oiread eilimintí nua a d'fhéadfadh athrú a dhéanamh ar na himthosca agus na coinníollacha lenar rialaíodh glacadh an Chinnidh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023. Dá bhrí sin, leis an gCinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024 deimhníodh conclúid an Chinnidh de bhun Airteagal 7 an 1 Nollaig 2023.

153. Dá réir sin, tháinig an tOifigeach Éisteachta ar an gconclúid sa Chinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024, arna iarraidh sin dó, gur chuir an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht doiciméid agus faisnéis áirithe maidir le luacháil inmheánach rothstoic ÖBB ar fáil do ČD cheana féin an 11 Meitheamh 2024, agus gur thug sé an deis do ČD barúlacha a chur isteach ina leith; agus go raibh an chuid eile den iarraidh le diúltú.

([116]) A mhéid a bhaineann le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB, féach míreanna 143 agus 152.
([117]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, míreanna 14 agus 15.
([118]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, mír 16.

5.5.2. *Maímh ČD ina dhiaidh sin*

154. An 19 Iúil 2024, tar éis an Cinneadh de bhun Airteagal 7 an 12 Iúil 2024 a ghlacadh, chuir ČD barúlacha forlíontacha isteach maidir leis an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil an 11 Meitheamh 2024, lena n-áirítear faisnéis maidir le luachálacha inmheánacha rothstoic ÖBB agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis an bhfreagra a thug ÖBB ar an ráiteas agóidí ([119]). Déantar measúnú thíos ar na barúlacha agus na maímh sin, a rinne ČD le linn na n-imeachtaí in aighneachtaí roimhe seo freisin.

(a) An rochtain '*dhéanach*' agus '*píosa ar phíosa*'

155. Chuir ČD in aghaidh an nochta '*dhéanaigh*' faisnéise i gcomhthéacs rochtana ar an gcomhad ([120]). D'áitigh ČD nach féidir leis an rochtain dhéanach, a tugadh do ČD tar éis a fhreagra ar an ráiteas agóidí a chur isteach agus an éisteacht ó bhéal a reáchtáil, an dochar do chearta cosanta agus do cheart éisteachta ČD a leigheas ([121]).

156. Mhaígh ČD go mbíonn an Coimisiún '*ag nochtadh na ndoiciméad do ČD* píosa ar phíosa *arís agus arís eile*' ([122]). Mhaígh ČD '*go gcuireann an cleachtas sin iallach ar ČD a chosaint a ullmhú le faisnéis neamhiomlán*' agus '*go gcuireann sé fad le himeachtaí a bhfuil a bhfad iomarcach cheana féin*' ([123]). Chuir ČD ina aghaidh '*go leanann an Coimisiún de bheith ag nochtadh roinnt leaganacha de na doiciméid agus raon feidhme na faisnéise folaithe iontu á laghdú de réir a chéile agus, i roinnt mhaith cásanna, go sannann sé aitheantais nua do na leaganacha nua doiciméid sin*' ([124]). Mhaígh ČD go bhféadfadh an modh gníomhaíochta sin bac a chur ar an athbhreithniú ar aon chinneadh a dhéanfadh an Coimisiún sa chás seo ([125]).

157. Thairis sin, mhaígh ČD, toisc '*gur léir go dtairbhíonn ČD den fhaisnéis a bheith á nochtadh de réir a chéile*', chiallódh sé sin '*go raibh na dúshláin roimhe seo maidir leis na sáruithe a rinneadh arís agus arís eile ar chearta nós imeachta ČD bailí go deimhin*' agus '*go raibh measúnú an Choimisiúin ar an bhfaisnéis rúnda sa chomhad easnamhach arís agus arís eile, rud a chuaigh chun dochair do chumas ČD é féin a chosaint sna himeachtaí*' ([126]).

158. Chun urraim a thabhairt do chearta na cosanta, ní mór an deis a thabhairt don ghnóthas lena mbaineann, *le linn an nós imeachta riaracháin*, a thuairimí a chur in iúl maidir le fírinne agus ábharthacht na bhfíoras agus na n-imthosca a líomhnaítear agus maidir leis na doiciméid a úsáideann an Coimisiún chun tacú lena mhaíomh go ndearnadh sárú ar an gConradh ([127]).

([119]) Féach mír 33.
([120]) An aighneacht ó ČD an 19 Iúil 2024, mír 4(v). Féach freisin míreanna 3(v) agus mír 27(i) den aighneacht ó ČD an 28 Feabhra 2024.
([121]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, míreanna 1 agus 2.
([122]) An aighneacht ó ČD an 19 Iúil 2024, mír 30(ii). Féach freisin an aighneacht ó ČD an 28 Feabhra 2024, mír 27(ii).
([123]) Ar an gcaoi chéanna, i mír 27(iv) dá aighneacht an 28 Feabhra 2024, mhaígh ČD, maidir leis an '*gcleachtas*' '*sprioc-am a fhorchur ar ČD chun barúil a thabhairt ar na doiciméid a bhfuarthas rochtain nua orthu, cé gur dócha go nochtfar tuilleadh doiciméad amach anseo…*', go gcuireann sé '*… iallach ar ČD a chosaint a ullmhú agus faisnéis neamhiomlán á húsáid, rud a fhágann go bhfuil ullmhú chosaint ČD casta agus am-ídítheach gan ghá (agus go bhfuil aon chéim ghaolmhar a dhéanfaidh an Coimisiún deacair a leanúint agus a athbhreithniú)*'.
([124]) An aighneacht ó ČD an 16 Samhain 2023, mír 2.
([125]) Idem.
([126]) An aighneacht ó ČD an 19 Iúil 2024, mír 30(iii).
([127]) Breithiúnas an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus Eile v An Coimisiún*, C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, ECLI:EU:C:2004:6, míreanna 66 agus 67. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 166.

159. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta, in ionad síneadh breise a chur leis an teorainn ama chun freagra a thabhairt ar an ráiteas agóidí nó in ionad caitheamh na tréimhse ama a chur ar fionraí, an deis a thabhairt do sheolaí an ráitis agóidí barúlacha breise i scríbhinn a chur isteach ag céim níos déanaí, nuair a bheidh réiteach ar shaincheisteanna nár réitíodh go fóill maidir le rochtain ar an gcomhad, ar barúlacha iad a fhorlíonfaidh nó a mhodhnóidh an chéad fhreagra ar an ráiteas agóidí ar bhonn na rochtana breise a deonaíodh ([128]).

160. Sa chás i dtrácht, tugadh rochtain do ČD ar phríomhdhoiciméid an chomhaid tar éis eisiúint an ráitis agóidí ([129]). Dá réir sin, cuireadh an spriocdháta chun freagra a thabhairt ar an ráiteas agóidí i bhfeidhm de bhun phointe 102 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí ([130]).

161. Thug an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht deis do ČD ansin barúlacha forlíontacha a thabhairt maidir leis an bhfaisnéis ar ar deonaíodh tuilleadh rochtana agus, go deimhin, chuir ČD barúlacha isteach roinnt uaireanta ([131]).

162. A mhéid a d'fhéadfadh ČD a bheith ag cur in aghaidh easpa barúlacha forlíontacha ó bhéal nó éisteacht bhreise ó bhéal, ([132]) tugtar faoi deara nach gciallaíonn an ceart éisteachta nach mór an deis a thabhairt don duine lena mbaineann a thuairimí a chur in iúl ó bhéal, ós rud é go n-urramaítear an ceart sin freisin tríd an deis barúlacha a sholáthar i scríbhinn ([133]). Mar a luadh, bhí an deis ag ČD freagairt i scríbhinn don fhaisnéis bhreise a cuireadh ar fáil, rud a rinne sé go córasach.

163. Leis an nós imeachta a lean an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht, tugadh deis do ČD scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid sa chomhad a d'fhéadfadh a bheith ábhartha dá chosaint agus a thuairimí a sholáthar maidir leis na doiciméid sin le linn an nós imeachta riaracháin.

(b) Gearáin a bhaineann le heaspa céimeanna breise nós imeachta (cruinnithe, ráiteas agóidí forlíontach nó litir fíoras)

164. Ina aighneacht an 19 Iúil 2024, mhaígh ČD '*gur lean an Coimisiún de dhoiciméid nua a nochtadh do ČD gan céimeanna nós imeachta a dhéanamh (amhail cruinniú maidir le staid na himeartha a thionól nó litir fíoras a eisiúint)*' ([134]). Mhaígh ČD gur chuir an modh gníomhaíochta sin cosc air a fháil amach '*cén bhrí a thugann an Coimisiún do na doiciméid agus na píosaí faisnéise nua-nochta*'.

165. In aighneachtaí roimhe seo, mhaígh ČD gur cheart don Choimisiún cruinniú maidir le staid na himeartha a thionól tar éis na héisteachta ó bhéal de bhun mhíreanna 64 agus 65 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí ([135]). Mhaígh ČD gur cheart ráiteas agóidí forlíontach nó litir fíoras de bhun roinn 3.1.7 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí a bheith ag gabháil le haon fhianaise nua a bhféadfadh an Coimisiún brath uirthi ([136]). D'áitigh ČD gur chuir na teipeanna sin cosc air cineál inchoiritheach nó saorthach na faisnéise a bhfuarthas rochtain nua uirthi a shuí ([137]).

([128]) Féach, de réir analaí, Breithiúnais an 1 Iúil 2009 in *ThyssenKrupp Stainless v An Coimisiún*, T-24/07, ECLI:EU:T:2009:236, míreanna 285 go 290; agus an 8 Meán Fómhair 2016 in *Arrow Group agus Arrow Generics v An Coimisiún*, T-467/13, ECLI:EU:T:2016:450, míreanna 357 go 362.
([129]) Féach míreanna 13 agus 14.
([130]) Féach freisin Breithiúnas an 8 Iúil 2004, *Mannesmannröhen-Werke v An Coimisiún*, T-44/00, ECLI:EU:T:2004:218, mír 65 agus Breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2016, *Arrow Group agus Arrow Generics v An Coimisiún*, T-467/13, ECLI:EU:T:2016:450, míreanna 357 go 362.
([131]) Féach fonóta 32.
([132]) Féach litir ČD chuig an Oifigeach Éisteachta an 10 Deireadh Fómhair 2024, roinn III.
([133]) *HeidelbergCement AG agus Schwenk Zement KG v An Coimisiún*, T-380/17, ECLI:EU:T:2020:471, mír 634 agus an cásdlí a luaitear.
([134]) An aighneacht ó ČD an 19 Iúil 2024, mír 30(i).
([135]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, mír 7.
([136]) An aighneacht ó ČD an 22 Lúnasa 2023, mír 7, an aighneacht ó ČD an 28 Feabhra 2024, mír 27(ii), an aighneacht ó ČD an 19 Iúil 2024, mír 30(i).
([137]) Idem.

166. An 2 Deireadh Fómhair 2024, d'iarr ČD ar an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht cruinniú a eagrú de bhun phointe 70 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí ([138]). D'áitigh ČD go raibh an cruinniú sin '*tábhachtach chun go bhfeidhmeodh sé a cheart cosanta go cuí*', toisc gurbh é tuairim ČD nach raibh sé i gceist ag an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht '*cosaint ČD roimhe seo a chur san áireamh*', '*go ndearnadh na himeachtaí i leith ČD go héagórach ó thaobh nós imeachta de*' agus '*nár cuireadh cuid mhór den fhianaise shaorthach ar fáil do ČD ach tar éis na héisteachta ó bhéal*'. Chuir ČD an iarraidh sin faoi bhráid an Oifigigh Éisteachta ina dhiaidh sin an 10 Deireadh Fómhair 2024, inar líomhnaíodh freisin go raibh gá leis an dara héisteacht ó bhéal ([139]).

167. De réir phointe 65 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí, i gcomhthéacs imeachtaí cairtéil, cuirfear cruinniú amháin maidir le staid na himeartha ar fáil do na páirtithe tar éis na héisteachta ó bhéal. De réir phointe 70 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí, is den ghnáthchleachtas é deis a thabhairt d'oifigigh shinsearacha na bpáirtithe an cás a phlé leis an Ard-Stiúrthóir um Iomaíocht, leis an Leas-Ardstiúrthóir in aghaidh trustaí nó, más iomchuí, leis an gCoimisinéir atá freagrach as Iomaíocht.

168. Dheimhnigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht dom gur tionóladh cruinniú maidir le staid na himeartha an 25 Meán Fómhair 2024 le ČD agus an 20 Meán Fómhair 2024 le ÖBB.

169. Bhuail na páirtithe freisin leis an gCoimisinéir atá freagrach as Iomaíocht, i mí Aibreáin 2019 agus mí Mheán Fómhair 2020 i gcás ČD, mar shampla. In aon chás, ní dhéantar foráil maidir le ceart chun cruinnithe le pointe 70 den Fhógra maidir le Dea-chleachtas in aghaidh Trustaí, go háirithe cruinniú ar an gcúis nach n-aontaíonn na páirtithe le conclúidí féideartha na hArd-Stiúrthóireachta um Iomaíocht.

170. I ndeireadh na dála, bíonn an gá le ráiteas agóidí forlíontach nó litir fíoras ag brath ar inneachar an chinnidh atá le glacadh le hais inneachar an ráitis agóidí ([140]) Go deimhin, de bhun Airteagal 16 de Chinneadh 2011/695/AE, iarrtar ar an Oifeagach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar cé acu an mbaineann nó nach mbaineann an dréachtchinneadh le hagóidí a bhfuil an deis tugtha do na páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl ina leith, agus leis na hagóidí sin amháin.

171. Ina theachtaireacht chuig an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht an 2 Deireadh Fómhair 2024, d'iarr ČD freisin go gcuirfí ar an eolas go cuí é faoin modheolaíocht nuashonraithe socraithe fíneálacha agus go dtabharfaí deis leormhaith dó barúil a thabhairt ina leith. D'eascair sé sin as an tuiscint a bhí ag ČD, tar éis an chruinnithe maidir le staid na himeartha an 25 Meán Fómhair 2024, go raibh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht ag cuimhneamh ar choigeartuithe áirithe a dhéanamh ar an modheolaíocht socraithe fíneálacha a fógraíodh sa ráiteas agóidí ([141]). Dhiúltaigh an Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht don iarraidh sin an 9 Deireadh Fómhair 2024 agus d'athdhearbhaigh ČD don Oifigeach Éisteachta í an 10 Deireadh Fómhair 2024 ([142]).

172. De réir cásdlí socair maidir le feidhmiú na gceart cosanta i leith fíneálacha a fhorchur, ar choinníoll go gcuirfidh an Coimisiún in iúl go sainráite sa ráiteas agóidí go mbreithneoidh sé an iomchuí fíneálacha a fhorchur ar na gnóthais lena mbaineann agus go leagfaidh sé amach na príomhghnéithe fíorais agus dlí a bhféadfadh fíneáil a bheith mar thoradh orthu, amhail a thromchúisí atá an sárú líomhnaithe, fad an tsáraithe líomhnaithe agus an fíoras go ndearnadh é 'd'aon ghnó nó le faillí', comhlíonann sé a oibleagáid ceart éisteachta na ngnóthas a urramú ([143]). De réir an chásdlí, i gcás ina n-imíonn an Coimisiún óna Threoirlínte maidir le Fíneálacha agus ina gcuireann sé modheolaíocht eile i bhfeidhm atá oiriúnaithe go sonrach do shaintréithe an cháis, ceanglaítear le cearta na cosanta go nochtfar an mhodheolaíocht sin do na páirtithe leasmhara, sa chaoi go mbeidh siad in ann a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na tosca ar a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a chinneadh a bhunú ([144]).

([138]) Féach mír 76.
([139]) Litir ČD chuig an Oifigeach Éisteachta an 10 Deireadh Fómhair 2024, ranna III agus VI.
([140]) Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún* T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 145.
([141]) Féach mír 75.
([142]) Litir ČD chuig an Oifigeach Éisteachta an 10 Deireadh Fómhair 2024, roinn II.
([143]) Breithiúnas an 19 Eanáir 2016, *Toshiba Corp. v An Coimisiún*, T-404/12, ECLI:EU:T:2016:18, mír 40 agus an cásdlí a luaitear. Féach freisin Breithiúnas an 10 Iúil 2019, *An Coimisiún v. NEX International Limited, Icap Management Services Ltd agus Icap New Zealand Ltd* (*Icap*), C-39/18 P, ECLI:EU:C:2019:584, míreanna 31 agus 38.
([144]) Breithiúnas an 10 Iúil 2019, *An Coimisiún v. NEX International Limited, Icap Management Services Ltd agus Icap New Zealand Ltd* (*Icap*), C-39/18 P, ECLI:EU:C:2019:584, mír 34.

173. I mo thuairim, thug an ráiteas agóidí léiriú leormhaith do na páirtithe ar an modheolaíocht fíneála a bhí beartaithe ag an gCoimisiún a ghlacadh sa chás seo ([145]). Bhí na páirtithe in ann a dtuairimí a chur in iúl, agus chuir an Coimisiún a n-argóintí san áireamh sa chinneadh críochnaitheach, agus an mhodheolaíocht fíneála a fógraíodh sa ráiteas agóidí á coinneáil ar bun an tráth céanna ([146]). Go sonrach, fógraíodh sa ráiteas agóidí go ndéanfaí ioncam ČD ó sholáthar seirbhísí iompair fad-achair do phaisinéirí sa tSeicia a úsáid mar bhonn do luach dhíolacháin ÖBB ([147]) agus bhí deis ag na páirtithe a dtuairimí a chur in iúl maidir leis an ngné sin, agus maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun luach na ndíolachán a chinneadh ([148]).

174. Dá bhrí sin, ní bhreithním go raibh gá le ráiteas agóidí forlíontach nó litir bhreise fíoras nó fíneálacha sa chás seo.

175. In aon chás, ní chuireann easpa cruinnithe maidir le staid na himeartha, easpa ráiteas agóidí forlíontach ná easpa litir fíoras cosc ar ČD measúnú a dhéanamh ar na doiciméid a bhféadfar tuilleadh rochtana a dheonú orthu, i bhfianaise inneachar na ndoiciméad sin.

### 5.6. **Na líomhaintí maidir le cóir neamh-chomhionann**

176. Mhaígh ČD gur cuireadh 'cóir neamh-chomhionann' air sna himeachtaí sin i gcomparáid le ÖBB ([149]). Go háirithe, d'áitigh ČD gur chuir an Coimisiún caighdeáin éagsúla i bhfeidhm agus aghaidh á tabhairt aige ar mhaímh rúndachta ó ČD agus ar mhaímh ó sholáthraithe faisnéise eile sa chomhad, go háirithe ÖBB ([150]). Chomh maith leis sin, mhaígh ČD gur léir cóir neamh-chomhionann a bheith ann sa mhéid nár cuireadh aighneacht ČD an 31 Eanáir 2023 ar fáil do ÖBB ach cúpla lá tar éis do ČD í a chur faoi bhráid an Choimisiúin, cé gur cuireadh freagra ÖBB ar an aighneacht sin ar fáil do ČD beagnach bliain tar éis a cur isteach agus arna iarraidh sin do ČD ([151]).

177. Bhí an deis ag ČD sna himeachtaí sin doiciméid a iarraidh a bhféadfadh sé nár nochtadh dó iad agus a mbeadh gá aige leo chun a cheart éisteachta a fheidhmiú, de bhun Airteagal 7 de Chinneadh 2011/695/AE. Bhí an deis aige freisin agóid a dhéanamh in aghaidh nochtadh faisnéise a sholáthair sé agus ar faisnéis rúnda atá inti de bhun Airteagal 8 de Chinneadh 2011/695/AE. Bhain ČD úsáid as na deiseanna sin roinnt uaireanta sna himeachtaí seo. Rinneadh na hagóidí sin a tarchuireadh chuig an Oifigeach Éisteachta a scrúdú de réir a dtuillteanais, mar a thuairiscítear thuas.

178. A mhéid a bhaineann leis na moilleanna líomhnaithe ar rochtain a thabhairt do ČD ar roinnt d'aighneachtaí ÖBB, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh roinnt tosca difear a dhéanamh d'uainiú na cumarsáide le páirtithe, nó moill a chur ar tharchur doiciméad áirithe, mar shampla an gá atá le scrúdú agus plé a dhéanamh ar mhaímh rúndachta nó an áisiúlacht a bhaineann le rochtain bhreise a thabhairt ar roinnt doiciméad i dteannta a chéile mar ghrúpa.

179. In aon chás agus ar deireadh, maidir le rochtain níos luaithe nó níos déanaí ar dhoiciméid áirithe, níor cheart, mar riail ghinearálta, aon tionchar a bheith aici sin ar cibé acu a tugadh nó nár tugadh deis don ghnóthas éisteacht a fháil maidir le gach ábhar ábhartha, ar choinníoll, mar a léirítear i mír 158, go dtugtar rochtain *le linn an nós imeachta riaracháin* agus go gceadaítear leis an rochtain sin don ghnóthas a thuairimí a chur in iúl ([152]).

180. In aon chás, dá mbeadh neamhrialtacht nós imeachta ann maidir le cóir neamh-chomhionann fhéideartha, ní mhíníonn ČD cén chaoi a bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh dá chearta cosanta.

([145]) Féach roinn 9.2 den ráiteas agóidí agus, go háirithe, a mhéid a bhaineann le luach díolachán a chinneadh, roinn 9.2.3.1 den ráiteas agóidí.
([146]) Freagra ČD ar an ráiteas agóidí, roinn XI.
([147]) An ráiteas agóidí, míreanna 642 go 647.
([148]) Freagra ČD ar an ráiteas agóidí, roinn XI.C. Féach, mar shampla, míreanna 1014 agus 1015 a mhéid a bhaineann leis na línte oibleagáidí seirbhíse poiblí.
([149]) An aighneacht ó ČD an 28 Feabhra 2024, mír 26; Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, mír 11.
([150]) Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 15 Lúnasa 2022, roinn I.1.3; Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, mír 11.
([151]) An aighneacht ó ČD an 28 Feabhra 2024, mír 26; Iarraidh a rinne ČD de bhun Airteagal 7 an 28 Feabhra 2024, mír 11.
([152]) Breithiúnas an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus Eile v An Coimisiún*, C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, ECLI:EU:C:2004:6, míreanna 66 agus 67. Féach freisin Breithiúnas an 18 Meán Fómhair 2024, *Qualcomm Inc. v An Coimisiún*, T-671-19, ECLI:EU:T:2024:626, mír 166.

## 6. **CONCLÚID**

181. De bhun Airteagal 16 de Chinneadh 2011/695/AE, tá scrúdú déanta agam an mbaineann an dréachtchinneadh le hagóidí a bhfuil an deis tugtha do na páirtithe a gcuid tuairimí a chur in iúl ina leith, agus leis na hagóidí sin amháin. Is í mo thuairim gur comhlíonadh an ceanglas sin.

182. Ar an iomlán, measaim gur urramaíodh feidhmiú éifeachtach na gceart nós imeachta sa chás seo.

An Bhruiséil, 18 October 2024.

Eric GIPPINI FOURNIER